2026/1395

22.6.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/1395 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Meitheamh 2026

lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ó 1971, tá fabhair thrádála á ndeonú ag an Aontas do thíortha i mbéal forbartha faoina scéim ghinearálaithe um fhabhair (GSP).

(2) Tá comhbheartas tráchtála an Aontais le bheith bunaithe ar phrionsabail ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad, agus saothraítear cuspóirí na ngníomhaíochtaí sin leis.

(3) Ós rud é go bhfuil beartas an Aontais i réimse an chomhair um fhorbairt le seoladh freisin faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, tá comhbheartas tráchtála an Aontais le bheith comhsheasmhach le príomhchuspóirí bheartas an Aontais i réimse an chomhair um fhorbairt, mar a leagtar síos in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe an bhochtaineacht a laghdú agus deireadh a chur léi ar fad, agus tá sé le rannchuidiú leis na príomhchuspóirí sin a chomhdhlúthú, agus chomh maith leis sin, ba cheart, le comhbheartas tráchtála an Aontais, forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil agus dea-rialachas a chur chun cinn i dtíortha i mbéal forbartha. Le comhbheartas tráchtála an Aontais, ba cheart ceanglais na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) a chomhlíonadh freisin, go háirithe an Cinneadh maidir le Cóir Dhifreálach agus Níos Fabhraí, Cómhalartacht agus Rannpháirtíocht Níos Iomláine i ndáil le Tíortha i mBéal Forbartha ('an Clásal Cumasúcháin'), a glacadh faoin gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) in 1979, faoinar féidir le Comhaltaí EDT cóir dhifreálach agus níos fabhraí a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha.

(4) Le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2663 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), déantar foráil maidir le cur i bhfeidhm GSP go dtí an 31 Nollaig 2027, cé is moite den socrú speisialta le haghaidh na dtíortha is lú forbairt nach bhfuil feidhm ag an dáta éaga sin maidir leis. Ina dhiaidh sin, ba cheart do GSP leanúint d'fheidhm a bheith aige ar feadh tréimhse 10 mbliana ina dhiaidh sin ó dháta chur i bhfeidhm na bhfabhar taraife dá bhforáiltear sa Rialachán seo, cé is moite den socrú speisialta le haghaidh na dtíortha is lú forbairt, ar cheart leanúint dá chur i bhfeidhm gan aon dáta éaga.

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2026.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/978/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2023/2663 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe (IO L, 2023/2663, 27.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2663/oj).

(5) Is iad cuspóirí ginearálta GSP tacú le deireadh a chur leis an mbochtaineacht de gach cineál, i gcomhréir le Rún A/RES/70/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development [An domhan a chlaochlú: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe] ('Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe'), go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 17 a bhaineann leis an trádáil, Sprioc 12, agus chun Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, agus dochar do leasanna thionscal an Aontais á seachaint ag an am céanna. Thángthas ar an gconclúid i Meastóireacht Mheántéarma 2018 ar Scéim Ghinearálaithe na bhFabhar Taraife agus i Staidéar 2021 mar thaca le measúnú tionchair chun an t-athbhreithniú ar Rialachán GSP (AE) Uimh. 978/2012 a ullmhú gur baineadh amach na cuspóirí ginearálta sin le creat GSP faoi Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, cuspóirí a bhí i gcroílár athchóiriú 2012 ar GSP.

(6) Tá cuspóirí ginearálta GSP fós ábhartha sa chomhthéacs domhanda reatha agus tá siad comhsheasmhach leis an anailís a rinneadh i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021 dar teideal *'Trade Policy Review –"An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy"'* [Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – 'Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach'] agus le peirspictíocht na teachtaireachta sin. De réir na teachtaireachta sin, tá 'leas straitéiseach ag an Aontas tacú le comhtháthú feabhsaithe tíortha leochaileacha i mbéal forbartha sa gheilleagar domhanda' agus 'ní mór dó úsáid iomlán a bhaint as an neart a sholáthraítear lena oscailteacht agus le tarraingteacht a Mhargaidh Aonair' chun tacú leis an iltaobhachas agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar luachanna uilíocha. I gcás GSP go sonrach, cuirtear sonrú sa teachtaireacht sa ról tábhachtach a bhaineann leis maidir le 'hurraim do bhunchearta an duine agus do bhunchearta saothair a chur chun cinn' agus leagtar síos inti an cuspóir le haghaidh GSP chun 'deiseanna trádála a mhéadú tuilleadh le haghaidh tíortha i mbéal forbartha chun an bhochtaineacht a laghdú agus chun poist a chruthú a bheidh bunaithe ar luachanna idirnáisiúnta agus ar phrionsabail idirnáisiúnta'. Thairis sin, ba cheart do GSP cúnamh a thabhairt do thíortha is tairbhithe a ngeilleagair a neartú ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear i ndáil le cearta idirnáisiúnta an duine, cearta saothair, cosaint na haeráide agus an chomhshaoil, agus caighdeáin dea-rialachais. Ba cheart comhsheasmhacht a áirithiú idir cuspóirí GSP agus an cúnamh a thugtar do thíortha is tairbhithe, i gcomhréir le hAirteagal 208 CFAE agus le comhtháthú beartais an Aontais ar mhaithe le forbairt, ar príomhcholún é d'iarrachtaí an Aontais tionchar dearfach an chomhair um fhorbairt a fheabhsú agus éifeachtacht an chomhair sin a mhéadú. Tá sé mar chomhchuspóir ag cúnamh forbartha an Aontais arna rialú ag Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus ag GSP forbairt inbhuanaithe a dhéanamh. Leis an úsáid a bhaineann tíortha is tairbhithe as na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoin Rialachán seo agus le daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach coinbhinsiún agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, cearta saothair, cosaint na haeráide agus an chomhshaoil, agus dea-rialachas, is féidir rannchuidiú leis an gcuspóir sin a bhaint amach. Dá réir sin, agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ba cheart sineirgí agus comhlántacht leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/947 a áirithiú.

(7) Trí rochtain fhabhrach a thabhairt ar mhargadh an Aontais, ba cheart do GSP cúnamh a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha maidir lena n-iarrachtaí an bhochtaineacht a laghdú agus dea-rialachas agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus a bhaint amach trí chabhrú leo ioncam breise a ghiniúint ón trádáil idirnáisiúnta, ioncam is féidir a ath-infheistiú ina dhiaidh sin ar mhaithe lena bhforbairt féin agus, sa bhreis air sin, chun a ngeilleagair a éagsúlú. Leis na fabhair tharaife faoi GSP, ba cheart díriú ar na tíortha sin i mbéal forbartha agus inar mó na riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais atá acu.

(8) Tá an comhionannas inscne i mbeartais uile an Aontais bunaithe go daingean in Airteagal 8 CFAE agus tá sé i gcroílár Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe freisin, mar a chumhdaítear i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5. Is gnách, áfach, go mbíonn tionchar éagsúil ag comhaontuithe trádála agus infheistíochta ar mhná agus ar fhir mar gheall ar neamhionannais struchtúracha inscne. Tá sé d'acmhainn ag GSP rannchuidiú go dearfach le fostaíocht agus cumhachtú na mban.

(9) Is é ba cheart a bheith in GSP socrú bunúsach ('GSP caighdeánach'), agus dhá shocrú speisialta, eadhon an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+) agus an socrú speisialta le haghaidh na dtíortha is lú forbairt, Gach Ní Seachas Airm (EBA). Dá bhrí sin, le GSP, leantar de struchtúr na tréimhse roimhe sin, ós rud é go ndíríonn sé ar na tíortha is mó atá i ngátar agus go dtugtar aghaidh leis ar riachtanais forbartha éagsúla na dtíortha is tairbhithe. Ba cheart do GSP comhtháthú réigiúnach a chothú idir tíortha i mbéal forbartha, agus ba cheart feidhm a bheith aige maidir le críoch iomlán na tíre is tairbhí, lena n-áirítear maidir le criosanna eacnamaíocha speisialta agus maidir le criosanna próiseála onnmhairí.

([4]) Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).

(10) Ba cheart GSP caighdeánach a dheonú do gach tír i mbéal forbartha a bhfuil riachtanas coiteann forbartha acu agus atá ag céim chomhchosúil den fhorbairt eacnamaíoch. Níl aon sainmhíniú ann ar 'tíortha i mbéal forbartha' ar leibhéal EDT, agus fágtar faoi thíortha a dheonaíonn fabhair liosta na dtíortha i mbéal forbartha atá incháilithe do GSP a chinneadh. Maidir le tíortha ar éirigh leo a n-aistriú ó gheilleagair láraithe go geilleagair mhargaidh a thabhairt chun críche, agus atá ina ngeilleagair chumhachtacha sa lá atá inniu ann agus seasamh láidir acu sa trádáil idirnáisiúnta, níor cheart iad a mheas mar thíortha i mbéal forbartha i gcomhthéacs GSP, agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a bhaint de liosta na dtíortha incháilithe. Tíortha atá aicmithe ag an mBanc Domhanda mar thíortha ardioncaim nó ard-mheánioncaim, tá leibhéil ioncaim per capita acu a fhágann gur féidir leo leibhéil éagsúlaithe níos airde a bhaint amach gan na fabhair tharaife faoi GSP. Tá na tíortha sin ag céim dhifriúil den fhorbairt eacnamaíoch agus níl, dá bhrí sin, na riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais chéanna acu agus atá ag tíortha i mbéal forbartha a bhfuil ioncaim níos ísle acu nó atá níos leochailí. Chun idirdhealú nach bhfuil údar maith leis a chosc, níor cheart dóibh, dá bhrí sin, tairbhiú de GSP caighdeánach. Thairis sin, níor cheart do thíortha ardioncaim nó ard-mheánioncaim tairbhiú de na fabhair tharaife faoi GSP toisc go méadódh sé sin an brú iomaíoch ar onnmhairí ó thíortha níos boichte agus níos leochailí agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé ualaí gan údar maith a chur ar na tíortha i mbéal forbartha sin atá níos leochailí. Agus GSP caighdeánach á chur i bhfeidhm, ba cheart a chur san áireamh go bhféadfadh athrú teacht ar riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais tíre. Ba cheart a áirithiú, dá bhrí sin, gur féidir GSP caighdeánach a choigeartú.

(11) Ar mhaithe le comhsheasmhacht, níor cheart na fabhair tharaife a dheonaítear faoi GSP caighdeánach a leathnú chuig tíortha i mbéal forbartha a thairbhíonn de shocrú leis an Aontas maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh lena dtugtar ar a laghad an leibhéal céanna fabhar taraife agus a thugtar le GSP caighdeánach i gcás gach cineáil trádála beagnach. Mar sin féin, chun am a thabhairt do thír is tairbhí agus d'oibreoirí eacnamaíocha dul in oiriúint go hordúil, ba cheart leanúint de GSP caighdeánach a dheonú go ceann 2 bhliain ón dáta a ndéantar socrú maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh a chur i bhfeidhm i ndáil leis an tír is tairbhí sin.

(12) Tá GSP+ bunaithe ar choincheap lárnach na forbartha inbhuanaithe, mar a aithnítear i gcoinbhinsiúin agus ionstraimí idirnáisiúnta amhail Dearbhú 1986 na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCeart chun Forbartha, Dearbhú Rio 1992 maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt, Dearbhú 1998 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, Dearbhú Mílaoise 2000 na Náisiún Aontaithe, Dearbhú Johannesburg 2002 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe, Dearbhú Céad Bliain 2019 EIS maidir le Todhchaí na hOibre, Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, Prionsabail Threoracha 2011 na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, agus Comhaontú Pháras a glacadh an 12 Nollaig 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ('Comhaontú Pháras'). Dá bharr sin, ba cheart na fabhair tharaife bhreise dá bhforáiltear faoi GSP+ a dheonú do na tíortha sin i mbéal forbartha atá leochaileach ó thaobh an gheilleagair de, de dheasca easpa éagsúlaithe, a bhfuil coinbhinsiúin agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, cearta saothair, cosaint na haeráide agus an chomhshaoil, agus dea-rialachas daingnithe acu, agus a thugann gealltanas cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún agus na gcomhaontuithe sin a áirithiú. Ba cheart, le GSP+, cabhrú leis na tíortha sin na freagrachtaí breise a eascraíonn as daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún agus na gcomhaontuithe idirnáisiúnta sin a ghlacadh chucu féin. Ba cheart don Aontas dul i mbun misin rialta faireacháin agus idirphlé le tíortha is tairbhithe de GSP+ chun luachanna uilíocha chearta an duine a chur chun cinn, lena n-áirítear dul chun cinn i dtreo pionós an bháis a dhíothú, i dtreo cuntasachta as coireanna cogaidh agus coireanna tromchúiseacha eile, agus i dtreo in-fhorfheidhmitheacht chearta an duine atá ann cheana. Ina theannta sin, ba cheart, le hidirphlé le tíortha is tairbhithe de GSP+, prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha san obair, cosaint an chomhshaoil agus dea-rialachas a chur chun cinn.

(13) Ba cheart liosta na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta atá ábhartha do GSP a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a thabhairt cothrom le dáta chun léiriú níos fearr a thabhairt ar fhorbairt na n-ionstraimí agus na gcaighdeán idirnáisiúnta sin agus chun cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh ann maidir le forbairt inbhuanaithe i gcomhréir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus lena Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. I ndáil leis sin, ba cheart na coinbhinsiúin seo a leanas a chur leis: Comhaontú Pháras - in ionad Phrótacal Kyoto 1997 a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide; Coinbhinsiún 2006 ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas; Prótacal Roghnach 2000 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir leis an bpáirt a bhíonn ag leanaí i gcoinbhleachtaí armtha; Coinbhinsiún 1947 EIS maidir le Cigireacht Saothair in Earnáil na Tionsclaíochta agus in Earnáil na Tráchtála (Uimh. 81); Coinbhinsiún 1976 EIS maidir le Comhairliúcháin Thrípháirteacha chun Cur Chun Feidhme na gCaighdeán Saothair Idirnáisiúnta a Chur Chun Cinn (Uimh. 144); agus Coinbhinsiún 2000 na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta. Ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb ábhartha in éineacht leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), trí idirphlé atá ann cheana le tíortha is tairbhithe de GSP caighdeánach nó de EBA, athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta acu i dtreo dhaingniú na gcoinbhinsiún agus na gcomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, cearta saothair, cosaint na haeráide agus an chomhshaoil, agus an dea-rialachas atá ábhartha do GSP agus a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo ('na coinbhinsiúin ábhartha') agus dul chun cinn den sórt sin a spreagadh tuilleadh chun cuspóir na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

(14) Ba cheart tíortha atá ag imeacht ar aghaidh ón gcatagóir tíortha is lú forbairt arna ainmniú ag na Náisiúin Aontaithe a dhreasú chun leanúint ar aghaidh ar chonair na forbartha inbhuanaithe. Chun na críche sin, ba cheart na critéir leochaileachta eacnamaíche chun cáiliú do GSP+ a dhéanamh níos éasca i gcomparáid le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, chun rochtain a éascú do líon níos mó tíortha atá ag imeacht ar aghaidh ón gcatagóir tíortha is lú forbairt.

(15) Ba cheart fabhair tharaife a cheapadh chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe breise na dtíortha is tairbhithe a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, freagairt dhearfach a thabhairt ar an ngá atá le forbairt inbhuanaithe. Faoi GSP+, ba cheart, dá bhrí sin, na taraifí *ad valorem* a fhionraí i gcás na dtíortha is tairbhithe lena mbaineann. Ba cheart na dleachtanna sonracha a fhionraí freisin, mura rud é go bhfuil siad comhcheangailte le dleacht *ad valorem*.

(16) Maidir le tíortha a chomhlíonann na ceanglais incháilitheachta a bhaineann le GSP+, ba cheart dóibh a bheith in ann tairbhiú de na fabhair tharaife bhreise más rud é, arna iarraidh sin dóibh, go gcinneann an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha ábhartha comhlíonta.

(17) Tíortha ar tíortha is tairbhithe de GSP+ iad, an 31 Nollaig 2026, faoi Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, agus ar mian leo leanúint de thairbhe a bhaint as GSP+, ba cheart dóibh iarraidh nua a thíolacadh faoin 31 Nollaig 2028, i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun leanúnachas agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha, áfach, ba cheart na fabhair tharaife faoi GSP+ dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 do na tíortha sin a choinneáil ar bun le linn na tréimhse ina ndéantar measúnú ar a n-iarraidh. Tá sé beartaithe leis an idirthréimhse sin am leordhóthanach a thabhairt do na tíortha is tairbhithe de GSP+ sin a n-iarraidh a ullmhú chun na ceanglais choinníollachta arna n-athbhreithniú faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus rochtain fhabhrach GSP+ dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a choinneáil ar bun idir an dá linn. Is féidir breathnú go fabhrach ar iarrataí ó thíortha iarrthacha ar chúnamh teicniúil agus airgeadais a bhaineann le daingniú agus cur chun feidhme na gcoinbhinsiún ábhartha.

(18) Ba cheart don Choimisiún, agus i gcás inarb iomchuí do SEGS, faireachán a dhéanamh ar stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha agus ar a gcur chun feidhme éifeachtach trí scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha, go háirithe ar chonclúidí agus moltaí na gcomhlachtaí faireacháin ábhartha arna mbunú faoi na coinbhinsiúin ábhartha, i gcás ina bhfuil fáil orthu, agus trí scrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta réamhbhreathnaithigh atá beartaithe agus atá dírithe ar thosaíochtaí, ar chur chun feidhme misean rialta ar an láthair agus ar ionchur na bpáirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine, sna tíortha is tairbhithe. Gach 3 bliana, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha, maidir leis an méid a chomhlíonann na tíortha is tairbhithe aon oibleagáidí tuairiscithe faoi na coinbhinsiúin ábhartha sin, agus maidir le stádas chur chun feidhme na gcoinbhinsiún ábhartha sin sa chleachtas. Ba cheart moltaí agus tosaíochtaí a áireamh sa tuarascáil sin i gcás ábhair shonracha imní maidir le cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún ábhartha.

(19) Ba cheart dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile le linn an timthrialla faireacháin, agus ba cheart an fhaisnéis a thíolacann siad a chur san áireamh go cuí, i gcás inarb iomchuí.

(20) I mí Iúil 2020, cheap an Coimisiún an Príomh-Oifigeach Forfheidhmithe Trádála, arb é an ról atá aige nó aici rialacha trádála a fhorfheidhmiú san Aontas agus lena chomhpháirtithe trádála. I dtaca leis an gceapachán sin, i mí na Samhna 2020, sheol an Coimisiún sásra gearán nua, an Pointe Iontrála Aonair (SEP), mar chuid dá iarrachtaí méadaithe cur chun feidhme agus forfheidhmiú na ngealltanas trádála a neartú. Trí SEP, faigheann an Coimisiún gearáin maidir le hábhair éagsúla a bhaineann le beartas trádála, lena n-áirítear sáruithe ar ghealltanais GSP. Le SEP, soláthraítear treoraíocht iomchuí maidir le gearáin a thíolacadh agus áirithítear rúndacht gearán. Ba cheart córas nua gearán den sórt sin a chomhtháthú faoi chuimsiú an Rialacháin seo.

(21) Ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus, i gcás inarb infheidhme, ar aistarraingt fabhar taraife, bíonn tuarascálacha ó chomhlachtaí ábhartha faireacháin riachtanach. Mar sin féin, ba cheart a bheith in ann na tuarascálacha sin a fhorlíonadh le faisnéis eile atá ar fáil don Choimisiún, lena n-áirítear faisnéis a fhaightear faoi chláir dhéthaobhacha nó iltaobhacha um chúnamh teicniúil, agus trí fhoinsí eile faisnéise, ar choinníoll go bhfuil siad cruinn agus iontaofa. D'fhéadfaí a áireamh air sin faisnéis ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, rialtais, eagraíochtaí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe sóisialta, nó gearáin a fhaightear trí SEP, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais ábhartha. Is féidir easnaimh arna sainaithint le linn an phróisis faireacháin eolas a dhéanamh do chlárscéidealú an Choimisiúin amach anseo maidir le cúnamh forbartha ar bhealach níos spriocdhírithe.

(22) Agus an tábhacht a bhaineann le rannchuidiú na sochaí sibhialta á cur san áireamh, ba cheart don Choimisiún tuairimí na sochaí sibhialta a lorg, go háirithe agus iarraidh GSP+ á scrúdú aige, le linn faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an ghealltanais cheangailtigh ag tíortha is tairbhithe de GSP+, lena n-áirítear i gcomhar le misin faireacháin, le linn rannpháirtíocht fheabhsaithe, agus le linn ullmhú na tuarascála ar chur chun feidhme an Rialacháin seo.

(23) Ba cheart, le EBA, leanúint de rochtain saor ó dhleacht ar mhargadh an Aontais a dheonú do tháirgí de thionscnamh na dtíortha is lú forbairt, arna n-ainmniú ag na Náisiúin Aontaithe, cé is moite de thrádáil arm. I gcás tír nach bhfuil ainmnithe a thuilleadh ag na Náisiúin Aontaithe mar thír is lú forbairt, ba cheart idirthréimhse a bhunú chun aon éifeachtaí díobhálacha a eascraíonn as baint na bhfabhar taraife arna ndeonú faoi EBA a mhaolú. Ba cheart leanúint d'fhabhair tharaife dá bhforáiltear faoi EBA a dheonú do na tíortha is lú forbairt sin, a thairbhíonn de shocrú eile leis an Aontas maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh.

(24) A mhéid a bhaineann le GSP caighdeánach, ba cheart an t-idirdhealú idir fabhair tharaife do tháirgí neamhíogaire agus fabhair tharaife do tháirgí íogaire a choinneáil ar bun, chun cás na n-earnálacha a mhonaraíonn na táirgí céanna san Aontas a chur san áireamh.

(25) Ba cheart leanúint de dhleachtanna Comhtharaife Custaim ar tháirgí neamhíogaire a fhionraí, agus ba cheart feidhm a bheith ag laghdú taraife maidir le dleachtanna ar tháirgí íogaire, chun ráta sásúil úsáide a áirithiú agus an tráth céanna cás na dtionscal comhfhreagrach san Aontas a chur san áireamh.

(26) Ba cheart laghdú taraife den sórt sin a bheith tarraingteach a dhóthain chun trádálaithe a spreagadh le leas a bhaint as na deiseanna a chuireann GSP ar fáil. Dá bhrí sin, ba cheart na dleachtanna *ad valorem* a laghdú go ginearálta le ráta comhréidh de 3,5 pointe céatadáin ó ráta dleachta na 'náisiún barrfhabhair', agus ba cheart dleachtanna den sórt sin do theicstílí agus d'earraí teicstíle a laghdú 20 %. Ba cheart dleachtanna sonracha a laghdú 30 %. I gcás ina ndéantar dleacht íosta a shonrú, níor cheart feidhm a bheith ag an dleacht íosta sin.

(27) Ba cheart dleachtanna a fhionraí ina n-iomláine i gcás inarb é toradh na córa fabhraí do dhearbhú allmhairiúcháin aonair ná dleacht *ad valorem* 1 % nó níos lú nó dleacht sonrach EUR 2 nó níos lú, ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh an costas a bhaineann leis na dleachtanna sin a bhailiú níos mó ná an t-ioncam a ghnóthófaí.

(28) Ba cheart grádúchán táirgí a bheith bunaithe ar chritéir a bhaineann le ranna agus caibidlí na Comhtharaife Custaim. Ba cheart feidhm a bheith ag grádúchán táirgí i leith roinne nó foroinne chun laghdú a dhéanamh ar na cásanna ina ndéantar táirgí ilchineálacha a ghrádú. Ba cheart grádúchán roinne nó foroinne, arna comhdhéanamh de chaibidlí, i gcás tír is tairbhí a chur i bhfeidhm nuair a chomhlíonann an roinn na critéir ghrádúcháin thar thréimhse 3 bliana as a chéile, ar mhaithe le hintuarthacht agus cothroime an ghrádúcháin a mhéadú trí dheireadh a chur le héifeacht na n-athruithe móra agus eisceachtúla i staidreamh allmhairiúcháin. Níor cheart feidhm a bheith ag grádúchán táirge maidir leis na tíortha is tairbhithe de GSP ná maidir leis na tíortha is tairbhithe de EBA ós rud é go bhfuil próifíl eacnamaíoch an-chosúil acu, rud a fhágann go bhfuil siad leochaileach mar gheall ar bhonn onnmhairiúcháin íseal, neamhéagsúlaithe.

(29) Ba cheart feidhm a bheith ag na fabhair tharaife dá bhforáiltear sa Rialachán seo maidir le táirgí de thionscnamh na dtíortha is tairbhithe i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus leis na gníomhartha dlí arna nglacadh i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar leis an Rialachán sin, go háirithe Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([6]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([7]). Ba cheart carnadh idir tíortha de ghrúpaí réigiúnacha éagsúla agus carnadh sínte faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a dheonú ar choinníoll go dtugann an tír is tairbhí iarrthach fianaise leordhóthanach go bhfreagraíonn an carnadh dá riachtanais forbartha, mhaoinithe agus trádála, agus go dtiocfaidh dá thoradh sin, inter alia, fás eacnamaíoch, díothú na bochtaineachta, éagsúlú onnmhairí agus tionsclaíocht, agus ar choinníoll nach bhfuil tionchar diúltach aige ar staid tíortha eile, go háirithe tíortha is tairbhithe de EBA. Agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an bhfreagraítear do riachtanais forbartha, mhaoinithe agus trádála na tíre iarrthaí le carnadh a dheonú, ba cheart don Choimisiún spleáchas na tíre is tairbhí ar an tír sholáthair a chur san áireamh mar aon le peirspictíochtaí amach anseo i ndáil leis na táirgí i dtrácht.

(30) I gcás easnaimh i gcur chun feidhme na bprionsabal a leagtar síos sna coinbhinsiúin ábhartha, lena n-áirítear prionsabail áirithe den dlí daonnúil idirnáisiúnta, chun cuspóirí na gcoinbhinsiún ábhartha sin a chur chun cinn, agus i gcás ina mbeadh sé sin tairbhiúil, ba cheart don Choimisiún dul i mbun rannpháirtíocht fheabhsaithe leis an tír is tairbhí chun aghaidh a thabhairt ar an staid. I gcásanna ina ndéantar sáruithe tromchúiseacha agus córasacha ar na prionsabail a leagtar síos sna coinbhinsiúin ábhartha agus, más infheidhme, i gcás nach dtagann feabhas ar an staid mar thoradh ar an idirphlé leis an tír is tairbhí, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún fabhair tharaife a aistarraingt ón tír is tairbhí. Ba cheart fabhair tharaife faoi GSP+ a aistarraingt go sealadach mura gcomhlíonann an tír is tairbhí a gealltanas ceangailteach daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún ábhartha a choinneáil ar bun nó na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear leis na coinbhinsiúin ábhartha faoi seach a chomhlíonadh, nó mura gcomhoibríonn an tír is tairbhí faoi chuimsiú nósanna imeachta faireacháin an Aontais mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart leanúint den aistarraingt shealadach go dtí nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna lena dtugtar údar maith léi. I gcásanna ina bhfuil na sáruithe thar a bheith tromchúiseach, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún freagairt go mear trí bhearta a ghlacadh laistigh d'amlíne níos giorra. Faoi chur chuige neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar leanaí, ba cheart a áireamh ar na cúiseanna atá le haistarraingt shealadach onnmhairiú earraí a rinneadh le saothar leanaí, rud a thoirmisctear go hidirnáisiúnta, mar aon le honnmhairiú earraí a rinneadh le saothar éigeantais, lena n-áirítear sclábhaíocht agus saothar príosúin, mar a shainaithnítear sna coinbhinsiúin ábhartha. Mar sin féin, is próiseas fadtéarmach é deireadh a chur le saothar leanaí, go háirithe i dtíortha nach bhfuil dálaí oibre cuibhiúla, saorscolaíocht ná líontán sábhála sóisialta ar fáil iontu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a chur san áireamh an bhfuil beartais glactha ag an tír is tairbhí arb é is aidhm dóibh saothar leanaí a laghdú agus an léirítear leis an bhfaireachán a dhéantar orthu dul chun cinn nithiúil agus gníomhaíochtaí i dtreo chomhlíonadh iomlán na gcoinbhinsiún ábhartha. Ba cheart aistarraingt shealadach na socruithe fabhracha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a mheas mar rogha dheireanach.

(31) Iarrtar i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 10, Sprioc 7, imirce agus soghluaisteacht daoine atá ordúil, sábháilte agus freagrach a éascú, lena n-áirítear trí bheartais imirce phleanáilte agus dhea-bhainistithe a chur chun feidhme. Is féidir leis na beartais sin rannchuidiú go dearfach leis an bhfás cuimsitheach agus leis an bhforbairt inbhuanaithe. I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach do na tíortha tionscnaimh agus do na tíortha cinn scríbe araon aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna, amhail dlús a chur leis an gcomhar maidir lena náisiúnaigh féin a athligean isteach agus lena n-ath-imeascadh inbhuanaithe sa tír thionscnaimh, agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine á n-urramú go hiomlán.

(32) Le beartas an Aontais um fhilleadh agus um athligean isteach, urramaítear go hiomlán prionsabal an *non-refoulement* agus cuirtear i gcrích é i gcomhréir le prionsabail bhunúsacha idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Tá filleadh deonach fós ina ghné ríthábhachtach de chóras coiteann an Aontais um fhilleadh, lena gcuirtear filleadh daonnúil, éifeachtach agus inbhuanaithe imirceach neamhrialta ar fáil. Tacaíonn beartas imirce an Aontais freisin le feabhas a chur ar ath-imeascadh inbhuanaithe agus ar fhothú acmhainneachta i dtíortha comhpháirtíochta, rud a d'fhéadfadh, dá réir sin, an fhorbairt áitiúil sna tíortha sin a neartú go suntasach.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

(33) Is dúshláin choiteanna don Aontas agus dá chomhpháirtithe iad an filleadh, an t-athligean isteach agus an t-ath-imeascadh. Go háirithe, tá sé d'oibleagáid ar gach stát faoi dhlí idirnáisiúnta an ghnáis a náisiúnaigh féin, atá ag fanacht go neamhdhleathach i gcríoch stáit eile, a athligean isteach. Tagraítear freisin i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta iltaobhacha, amhail an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944, don oibleagáid atá ar stáit a náisiúnaigh a díbríodh ó chríoch stáit eile a ligean isteach ina gcríoch. Ba cheart an cur chuige sin agus gníomhaíochtaí ábhartha a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail bhunúsacha idirnáisiúnta maidir le cearta an duine.

(34) Níor cheart smaoineamh ar na socruithe fabhracha a aistarraingt go sealadach i gcás easnaimh thromchúiseacha agus chórasacha tíre is tairbhí maidir leis an oibleagáid a náisiúnaigh féin a athligean isteach ach amháin i ndáil leis na tíortha is tairbhithe: a mheasann an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 25a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) ('an Cód Víosaí'), nach bhfuil siad ag comhoibriú go hiomchuí maidir le hathligean isteach; ar moladh bearta i réimse an bheartais víosaí ina leith i gcomhréir le hAirteagal 25a(5), pointe (a), den Chód Víosaí; agus a measann an Coimisiún ina leith, tar éis tréimhse rannpháirtíochta feabhsaithe tiomnaithe, go bhfuil leibhéal neamh-iomchuí comhair fós ann maidir le hathligean isteach.

(35) I bhfianaise a staide sonraí, a staide socheacnamaíche, a leibhéal forbartha agus a srianta acmhainneachta, ba cheart do thíortha is tairbhithe de EBA tairbhe a bhaint as idirthréimhse bhreise 24 mhí sula mbeidh feidhm, i ndáil leis na tíortha sin, ag an bhféidearthacht na socruithe fabhracha a aistarraingt go sealadach i gcás easnaimh thromchúiseacha agus chórasacha maidir leis an oibleagáid a náisiúnaigh féin a athligean isteach. Ina theannta sin, níor cheart é a bheith indéanta na socruithe fabhracha a aistarraingt faoi EBA ach amháin i gcás nach bhfuil comhar iomchuí ann fós maidir le hathligean isteach tar éis bearta a ghlacadh de bhun Airteagal 25a(5), pointe (a), den Chód Víosaí.

(36) Chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an ann d'easnaimh thromchúiseacha agus chórasacha a bhaineann leis an oibleagáid náisiúnaigh na tíre is tairbhí a athligean isteach, ba cheart don Choimisiún brath ar eilimintí ábhartha agus oibiachtúla mar a leagtar síos in Airteagal 25a(2) den Chód Víosaí, lena n-áirítear sonraí iontaofa arna soláthar ag na Ballstáit, agus ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais freisin. Agus é ag smaoineamh ar na socruithe fabhracha a aistarraingt go sealadach, ar socruithe fabhracha iad atá nasctha le heasnaimh thromchúiseacha agus chórasacha a bhaineann leis an oibleagáid náisiúnaigh na tíre is tairbhí a athligean isteach, ba cheart don Choimisiún na bearta uile a rinneadh chun feabhas a chur ar chomhar na tíre is tairbhí sin maidir le hathligean isteach a chur san áireamh.

(37) Faoi Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 agus a na gníomhartha a bhí ann roimhe, aistarraingíodh na socruithe fabhracha i leith allmhairí táirgí de thionscnamh na Bealarúise (aistarraingt iomlán) agus na Cambóide (aistarraingt pháirteach) mar gheall ar sháruithe córasacha agus tromchúiseacha ar na prionsabail de roinnt coinbhinsiún ábhartha. Ós rud é go bhfuil na cúiseanna lena dtugtar údar maith le haistarraingt na socruithe fabhracha fós bailí, ba cheart aistarraingt shealadach na socruithe fabhracha don Bhealarúis agus don Chambóid a choinneáil ar bun faoin Rialachán seo.

(38) I gcás ina bhfuil allmhairí táirge áirithe faoi aon cheann de na socruithe fabhracha a chumhdaítear leis an Rialachán seo ina gcúis, nó inar baol iad a bheith ina gcúis, le deacrachtaí tromchúiseacha do tháirgeoirí an Aontais lena mbaineann, ba cheart a bheith in ann gnáthdhleachtanna Comhtharaife Custaim ar an táirge sin a thabhairt isteach an athuair go hiomlán nó go páirteach. Agus measúnú á dhéanamh an ann do dheacrachtaí tromchúiseacha do tháirgeoirí an Aontais lena mbaineann, d'fhéadfadh tionchar na n-allmhairí sin ar an earnáil ina hiomláine, lena n-áirítear táirgeadh táirgí réamhtheachtacha nó iartheachtacha, a bheith ábhartha freisin. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha go háirithe in earnáil na talmhaíochta nó i gcás ina bhfuil baint ag líon mór fiontar beag agus meánmhéide. Ní imíonn na coimircí faoin Rialachán seo ó na gnáthdhleachtanna Comhtharaife Custaim. Os a choinne sin, athbhunaítear leis an Rialachán seo, ar bhonn sealadach, cur i bhfeidhm na gComhtharaifí Custaim sa chaidreamh trádála le tír ar leith trí dheireadh a chur leis na tairbhí speisialta a dheonaíonn an tAontas go haontaobhach. Ní ionstraim cosanta trádála ná beart coimirce iad na coimircí faoin Rialachán seo de réir bhrí Rialacháin (AE) 2015/478 ([9]) agus (AE) 2015/755 ([10]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ná ní beart coimirce iad de réir bhrí Chomhaontú EDT maidir le Coimircí, ina leagtar amach na rialacha maidir le bearta coimirce a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal XIX de GATT 1994. Is iomchuí go bhféadfaí imscrúdú coimirce a thionscnamh ar bhonn iarraidh ó Bhallstát, ó aon duine dlítheanach nó ó aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, ag gníomhú dóibh thar ceann táirgeoirí de chuid an Aontais, nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin.

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/810/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/478/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj).

(39) Agus na dúshláin shonracha atá roimh tháirgeoirí ríse an Aontais á gcur san áireamh, is iomchuí sásra intuartha a thabhairt isteach as a dtiocfaidh cur i bhfeidhm uathoibríoch sásra taraifchuóta. Ba cheart leis an sásra uathoibríoch inmharthanacht earnáil ríse an Aontais a chosaint agus tairbhí suntasacha á ráthú ag an tráth céanna do na tíortha is lú forbairt faoin Rialachán seo. Cuireann an sásra sprìocdhírithe sin le haghaidh ríse leis na hionstraimí coimirce eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo, atá fós ar fáil ar an mbonn céanna don earnáil sin. Leis an sásra, ba cheart aghaidh a thabhairt ar staideanna ina bhfuil brú eisceachtúil ar an margadh trí tharaifí an náisiúin barrfhabhair a athbhunú láithreach agus trí allmhairí fabhracha a theorannú trí bhíthin taraifchuóta le linn na bliana dár gcionn a luaithe a sháraíonn méideanna allmhairí táirgí ríse sonraithe na tairseacha socraithe de bhreis ar 45 %. Cinntear na tairseacha ar bhonn tíre mar mheán uimhríochtúil mhéideanna bliantúla allmhairí an Aontais de thionscnamh tíre is tairbhí le linn na 10 mbliana féilire roimh bhliain an ríomha. Chun críocha na deimhneachta dlíthiúla agus na hintuarthachta, ba cheart na méideanna is infheidhme le linn na chéad bhliana de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ríomh agus an tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2024 á cur san áireamh. Le haghaidh 2027, is iad na tairseacha a eascraíonn as sin 216 047 tona i gcás na Cambóide agus 171 862 tona i gcás Mhaenmar. Maidir le hallmhairí na dtáirgí ríse lena mbaineann ó thíortha is tairbhithe eile le linn na tréimhse tagartha sin, níor sháraigh siad an tairseach 6 % d'allmhairí iomlána an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo. Tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha gach bliain don bhliain dár gcionn.

(40) Chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le spriocdhíriú níos fearr, comhleanúnachas níos fearr agus trédhearcacht níos fearr, ar thaobh amháin, agus forbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a chur chun cinn ar bhealach níos fearr trí scéim um fhabhair trádála aontaobhach, ar an taobh eile, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú, cinneadh a dhéanamh maidir le haistarraingtí sealadacha fabhar taraife, aistarraingt shealadach a aisghairm, dáta cur i bhfeidhm aistarraingthe sealadaí a chur siar, nó a raon feidhme a mhodhnú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([11]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(41) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]).

(42) Ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le fabhair tharaife ranna áirithe de GSP a bhaint nó a fhionraí i leith tíortha is tairbhithe agus maidir le nós imeachta um aistarraingt shealadach a thionscnamh, agus cineál agus tionchar na ngníomhartha sin á gcur san áireamh. I bhfianaise leibhéil forbartha na dtíortha is tairbhithe de EBA, ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le nós imeachta um aistarraingt shealadach a thionscnamh do na tíortha sin ar fhorais easnamh tromchúiseach agus córasach i ndáil lena n-oibleagáid a náisiúnaigh féin a athligean isteach.

(43) Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le himscrúduithe coimirce agus maidir leis an bhfabhar taraife a fhionraí i gcás ina bhféadfadh allmhairí a bheith ina gcúis le suaitheadh nó le suaitheadh tromchúiseach i margaí an Aontais.

([11]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(44) Chun sláine agus feidhmiú ordúil GSP a áirithiú, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le haistarraingtí sealadacha de bharr neamhchomhlíonadh nósanna imeachta agus oibleagáidí custaim, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne.

(45) Chun creat cobhsaí a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíochta, ba cheart don Choimisiún, roimh dheireadh na huastréimhse 6 mhí, gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le haistarraingtí sealadacha a fhoirceannadh nó a fhadú de bharr neamhchomhlíonadh nósanna imeachta agus oibleagáidí custaim, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne.

(46) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh freisin más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le himscrúduithe coimirce, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne a bhaineann le meathlú staid eacnamaíoch nó airgeadais táirgeoirí de chuid an Aontais a bheadh deacair a chur ina cheart.

(47) Ba cheart don Choimisiún tuairisciú go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le héifeachtaí GSP trí na coistí institiúideacha ábhartha.

(48) Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún faisnéis thráthúil a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le céimeanna tábhachtacha nós imeachta, amhail aontachas le GSP+, tionchair ar na tíortha is lú forbairt atá ag imeacht ar aghaidh ó EBA, nós imeachta um aistarraingt shealadach a thionscnamh, imscrúdú coimircí nó athrú ar chóid na hAinmníochta Comhcheangailte a leagtar síos sa Rialachán seo, ar faisnéis í lena leagtar amach na táirgí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir coimirce speisialta. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a choinneáil ar an eolas freisin faoi ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta feabhsaithe, lena n-áirítear toradh na misean faireacháin chuig tíortha is tairbhithe de GSP+, agus faoi thionscnamh agus torthaí rannpháirtíochta feabhsaithe tiomnaithe leis an tír is tairbhí lena mbaineann a rinneadh chun feabhas a chur ar leibhéal comhair na tíre is tairbhí sin i ndáil leis an oibleagáid idirnáisiúnta náisiúnaigh na tíre is tairbhí féin sin a athligean isteach. Ar mhaithe le comhsheasmhacht a áirithiú idir na cuspóirí beartais lena mbaineann, ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas nuair a chinneann sé na socruithe fabhracha a aistarraingt go sealadach ó thír is tairbhí i gcás easnaimh thromchúiseacha agus chórasacha a bhaineann leis an oibleagáid idirnáisiúnta náisiúnaigh tíre is tairbhí féin a athligean isteach. Ba cheart don Choimisiún, go háirithe, an fhaisnéis ábhartha a sholáthar atá sna tuarascálacha agus sna measúnuithe a dhéantar i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 25a den Chód Víosaí maidir leis an tír is tairbhí lena mbaineann. Chun bunús a thabhairt le húsáid na coinníollachta um athligean isteach, ba cheart don Choimisiún sonraí iomchuí a sholáthar maidir leis na treochtaí athligean isteach i ndáil leis an tír is tairbhí lena mbaineann. I gcás inar gá, ba cheart na nósanna imeachta maidir le tarchur faisnéise rúnda a chur i bhfeidhm.

(49) Faoin 1 Eanáir 2033, ba cheart don Choimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm meántéarmach an Rialacháin seo agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar GSP. Tá gá leis an tuarascáil sin chun anailís a dhéanamh ar thionchar GSP ar riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais na dtíortha is tairbhithe agus ar thrádáil dhéthaobhach agus ar ioncam taraife an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na tíortha is lú forbairt atá ag imeacht ar aghaidh ó EBA, agus ar aon fhorbairtí ábhartha a bhaineann leis na coinníollachtaí, go háirithe maidir le cearta bunúsacha san obair agus liosta na gcoinbhinsiún ábhartha. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh freisin ar fhorbairtí ábhartha, go háirithe in EDT, maidir le trádáil in earraí agus seirbhísí a éascú agus a chur chun cinn, ar forbairtí iad a chabhraíonn le spriocanna comhshaoil agus aeráide a bhaint amach.

(50) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

1. Beidh feidhm ag an scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife (GSP), trína dtugann an tAontas rochtain fhabhrach ar a mhargadh, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Déantar foráil sa Rialachán seo maidir leis na socruithe fabhracha seo a leanas faoi GSP:

(a) socrú caighdeánach ('GSP caighdeánach');

(b) socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+);

(c) socrú speisialta le haghaidh na dtíortha is lú forbairt (Gach Ní Seachas Airm (EBA)).

Airteagal 2

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'tíortha' tíortha agus críocha a bhfuil riarachán custaim acu;

(2) ciallaíonn 'na tíortha is lú forbairt' na tíortha is lú forbairt arna n-ainmniú amhlaidh ag na Náisiúin Aontaithe;

(3) ciallaíonn 'tíortha is tairbhithe' tíortha a thairbhíonn d'aon cheann de na socruithe fabhracha faoi GSP;

(4) ciallaíonn 'tíortha is tairbhithe de GSP caighdeánach' tíortha a thairbhíonn de GSP caighdeánach mar a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a shainaithnítear amhlaidh i gcolún C di;

(5) ciallaíonn 'tíortha is tairbhithe de GSP+' tíortha a thairbhíonn de GSP+ mar a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a shainaithnítear amhlaidh i gcolún C di;

(6) ciallaíonn 'tíortha is tairbhithe de EBA' tíortha a thairbhíonn de EBA mar a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a shainaithnítear amhlaidh i gcolún C di;

(7) ciallaíonn 'dleachtanna Comhtharaife Custaim' na dleachtanna custaim a shonraítear i gCuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([13]), cé is moite de na dleachtanna sin a bhunaítear mar chuid de tharaifchuótaí;

(8) ciallaíonn 'roinn de GSP' roinn a liostaítear in Iarscríbhinní III agus VII agus a bhunaítear ar bhonn ranna agus caibidlí den Chomhtharaif Chustaim;

(9) ciallaíonn 'socrú maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh' rochtain fhabhrach ar mhargadh an Aontais trí chomhaontú trádála, a chuirtear i bhfeidhm go sealadach nó atá i bhfeidhm cheana, nó trí fhabhair uathrialaitheacha arna ndeonú ag an Aontas;

(10) ciallaíonn 'plean gníomhaíochta' liosta beart arna sholáthar ag tír iarrthach GSP+ chun na coinbhinsiúin ábhartha a chur chun feidhme go héifeachtach;

([13]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

(11) ciallaíonn 'rannpháirtíocht fheabhsaithe' próiseas leanúnach a bhfuil sé mar aidhm leis tíortha is tairbhithe a éascú agus a dhreasú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na gcoinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo, nó chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh maidir le prionsabail na gcoinbhinsiún ábhartha a urramú;

(12) ciallaíonn 'cur chun feidhme éifeachtach' cur chun feidhme iomlán na ngealltanas agus na n-oibleagáidí uile arna ngabháil ar láimh faoi na coinbhinsiúin ábhartha, lena n-áirithítear, ar an dóigh sin, comhlíonadh na bprionsabal, na gcuspóirí agus na gceart a ráthaítear sna coinbhinsiúin ábhartha ar chríoch iomlán na tíre is tairbhí, lena n-áirítear in aon limistéar den chríoch sin atá ainmnithe ag an tír is tairbhí mar chrios eacnamaíoch speisialta nó mar chrios próiseála onnmhairí;

(13) ciallaíonn 'gearán' gearán a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin tríd an bPointe Iontrála Aonair (SEP).

Airteagal 3

1. Bunaítear in Iarscríbhinn I, colúin A agus B, liosta tíortha atá incháilithe tairbhe a bhaint as aon cheann de na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ('na tíortha incháilithe').

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 chun an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a leasú chun athruithe ar stádas idirnáisiúnta nó aicmiú tíortha, ar a bhforbairt eacnamaíoch, nó ar a riachtanais trádála, mhaoinithe agus forbartha a chur san áireamh.

3. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do thír incháilithe lena mbaineann maidir le haon athruithe ábhartha ar stádas na tíre sin faoi GSP.

CAIBIDIL II

GSP caighdeánach

Airteagal 4

1. Tairbheoidh tír incháilithe de na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi GSP caighdeánach, mura rud é:

(a) gur aicmigh an Banc Domhanda í mar thír ardioncaim nó ard-mheánioncaim ar feadh 3 bliana as a chéile díreach sular tugadh liosta na dtíortha is tairbhithe cothrom le dáta; nó

(b) go dtairbhíonn sí de shocrú leis an Aontas maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh lena dtugtar na fabhair tharaife chéanna agus a thugtar le GSP, nó fabhair tharaife níos fearr, i gcás gach cineáil trádála beagnach.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (a) agus (b), maidir leis na tíortha is lú forbairt.

Airteagal 5

1. Liostaítear in Iarscríbhinn I na tíortha is tairbhithe de GSP caighdeánach a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 4 agus a shainaithnítear amhlaidh i gcolún C di.

2. Faoin 1 Eanáir gach bliain tar éis an 12 Iúil 2026, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Iarscríbhinn I. Chun am a thabhairt do thír is tairbhí de GSP caighdeánach agus d'oibreoirí eacnamaíocha oiriúnú go hordúil don athrú ar stádas na tíre faoi GSP:

(a) beidh feidhm ag an gcinneadh gan tír a shainaithint a thuilleadh mar thír is tairbhí de GSP caighdeánach, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo agus ar bhonn Airteagal 4(1), pointe (a), ón 1 Eanáir den dara bliain féilire tar éis na bliana féilire ina dtagann an dáta nach gcomhlíontar na critéir ábhartha a thuilleadh;

(b) beidh feidhm ag an gcinneadh gan tír a shainaithint a thuilleadh mar thír is tairbhí de GSP caighdeánach, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo agus ar bhonn Airteagal 4(1), pointe (b), ón 1 Eanáir den tríú bliain féilire tar éis na bliana féilire ina dtagann an dáta a chuirtear i bhfeidhm socrú maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh.

3. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinn I, colún C, a leasú ar bhonn na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 4.

4. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don tír is tairbhí de GSP caighdeánach lena mbaineann maidir le haon athrú ar stádas na tíre sin faoi GSP.

Airteagal 6

1. Liostaítear in Iarscríbhinn III na táirgí a áirítear faoi GSP caighdeánach.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 chun Iarscríbhinn III a leasú chun athruithe a ionchorprú a bhfuil gá leo de bharr leasuithe ar an Ainmníocht Chomhcheangailte.

Airteagal 7

1. Déanfar dleachtanna Comhtharaife Custaim ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn III mar tháirgí neamhíogaire a fhionraí ina n-iomláine, seachas i gcás comhpháirteanna talmhaíochta.

2. Déanfar dleachtanna *ad valorem* Comhtharaife Custaim ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn III mar tháirgí íogaire a laghdú 3,5 pointe céatadáin. I gcás táirgí faoi ranna S-11a agus S-11b de GSP in Iarscríbhinn III, 20 % a bheidh sa laghdú sin.

3. Más rud é, le rátaí dleachta fabhracha a cuireadh i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, maidir leis na dleachtanna *ad valorem* Comhtharaife Custaim is infheidhme an 12 Iúil 2026, go bhforáiltear do laghdú taraife níos mó ná 3,5 pointe céatadáin i gcás na dtáirgí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, leanfaidh na rátaí dleachta fabhracha sin d'fheidhm a bheith acu.

4. Déanfar dleachtanna sonracha Comhtharaife Custaim, seachas dleachtanna íosta nó uasta, ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn III mar tháirgí íogaire a laghdú 30 %.

5. I gcás ina bhfuil dleachtanna *ad valorem* agus dleachtanna sonracha ar áireamh i ndleachtanna Comhtharaife Custaim ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn III mar tháirgí íogaire, ní laghdófar na dleachtanna sonracha.

6. I gcás ina sonraítear dleacht uasta i ndleachtanna a laghdaítear i gcomhréir le míreanna 2 agus 4, ní laghdófar an dleacht uasta sin. I gcás ina sonraítear dleacht íosta sna dleachtanna sin, ní bheidh feidhm ag an dleacht íosta sin.

Airteagal 8

1. Déanfar na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 7 a fhionraí, i leith táirgí ó roinn de GSP de thionscnamh tíre is tairbhí de GSP caighdeánach, i gcás ina sáraíonn, ar feadh 3 bliana as a chéile, meánluach allmhairí táirgí den sórt sin isteach san Aontas ón tír is tairbhí de GSP caighdeánach sin na tairseacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV. Déanfar na tairseacha sin a ríomh mar chéatadán de luach iomlán na n-allmhairí isteach san Aontas de na táirgí céanna ó na tíortha is tairbhithe uile.

2. Sula gcuirtear na fabhair tharaife faoi GSP i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2), lena mbunaítear liosta ranna de GSP dá bhfuil na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 7 fionraithe i ndáil le tír is tairbhí de GSP caighdeánach. Beidh feidhm ag an ngníomh cur chun feidhme sin amhail ón 1 Eanáir 2027.

3. Gach trí bliana, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an liosta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus déanfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2), chun na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 7 a fhionraí nó a athbhunú. Beidh feidhm ag na gníomhartha cur chun feidhme sin ón 1 Eanáir den bhliain tar éis dháta a dteacht i bhfeidhm.

4. Déanfar an liosta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo a bhunú ar bhonn na sonraí atá ar fáil an 1 Meán Fómhair den bhliain ina ndéantar an t-athbhreithniú agus den dá bhliain roimh bhliain an athbhreithnithe. Cuirfear san áireamh sa liosta sin allmhairí ó thíortha is tairbhithe de GSP de réir mar is infheidhme an tráth sin. Ní chuirfear san áireamh, áfach, luach allmhairí ó thíortha is tairbhithe de GSP nach dtairbhíonn a thuilleadh, ar dháta chur i bhfeidhm na fionraí, de na fabhair tharaife faoi Airteagal 4(1), pointe (b).

5. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don tír lena mbaineann maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le míreanna 2 agus 3.

6. I gcás ina leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 4, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 chun Iarscríbhinn IV a leasú chun na rialacha mionsonraithe a liostaítear san Iarscríbhinn sin a choigeartú chun go gcoinnítear, go comhréireach, an meáchan céanna ar bun i ranna de GSP ar cuireadh na fabhair tharaife ar fionraí ina leith de bhun mhír 1 den Airteagal seo.

CAIBIDIL III

GSP+

Airteagal 9

1. Féadfaidh tír is tairbhí tairbhiú de na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi GSP+ má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) meastar í a bheith leochaileach, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V, de dheasca easpa éagsúlaithe;

(b) dhaingnigh sí na coinbhinsiúin ábhartha uile agus níor shainaithin an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, go háirithe na conclúidí is déanaí atá ar fáil ó na comhlachtaí faireacháin faoi na coinbhinsiúin ábhartha sin, mainneachtain thromchúiseach aon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha a chur chun feidhme go héifeachtach;

(c) níl forchoimeádas leagtha amach aici i ndáil le haon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha, ar forchoimeádas é a thoirmisctear leis an gcoinbhinsiún ábhartha sin nó a mheastar, chun críocha an Airteagail seo, gan a bheith comhoiriúnach d'aidhm agus do chuspóir na gcoinbhinsiún ábhartha;

(d) déanann sí gealltanas ceangailteach daingniú na gcoinbhinsiún ábhartha a choinneáil ar bun agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin a shaothrú agus a áirithiú, agus plean gníomhaíochta mar bhonn taca leis;

(e) glacann sí gan forchoimeádas leis na ceanglais tuairiscithe arna bhforchur ag aon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha agus tugann sí gealltanas ceangailteach glacadh le faireachán agus athbhreithniú tráthrialta ar a teist cur chun feidhme i gcomhréir leis na coinbhinsiúin ábhartha;

(f) déanann sí gealltanas ceangailteach páirt a ghlacadh i nós imeachta um thuairisciú agus faireachán an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 13 agus comhoibriú faoi chuimsiú an nós imeachta sin.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (c), measfar nach bhfuil forchoimeádais comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir coinbhinsiúin ábhartha más rud é:

(a) gur cinneadh amhlaidh le próiseas a leagadh amach go sainráite chuige sin faoin gcoinbhinsiún ábhartha; nó

(b) d'uireasa an phróisis sin, go ndearna an tAontas, i gcás ina bhfuil sé mar pháirtí sa choinbhinsiún ábhartha, nó tromlach cáilithe na mBallstát ar páirtithe iad sa choinbhinsiún ábhartha, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach mar a bhunaítear sna Conarthaí, agóid i gcoinne an fhorchoimeádais ar na forais nach bhfuil sé comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir an choinbhinsiúin ábhartha agus gur chuir siad i gcoinne theacht i bhfeidhm an choinbhinsiúin ábhartha mar atá idir iad agus an stát a bhfuil an forchoimeádas aige i gcomhréir le Coinbhinsiún Vín 1969 maidir le Dlí na gConarthaí.

3. Beidh an plean gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, go háirithe ar na conclúidí is déanaí ó chomhlachtaí faireacháin na gcoinbhinsiún ábhartha. Molfar sa phlean gníomhaíochta sin freisin tráthchláir iomchuí agus tháscacha agus sainaithneofar ann, i gcás inarb ábhartha, na hinstitiúidí freagracha sa tír is tairbhí. Beidh an plean gníomhaíochta réamhbhreathnaitheach agus dírithe ar thosaíochtaí. Foilseofar an plean gníomhaíochta a luaithe a bheidh an tír ina tairbhí de GSP+.

Airteagal 10

1. Deonófar GSP+ má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá iarraidh chuige sin déanta ag tír is tairbhí de GSP;

(b) measann an Coimisiún, ar bhonn scrúdú ar an iarraidh, go gcomhlíonann an tír iarrthach na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 9.

2. Is i scríbhinn a chuirfidh an tír iarrthach a hiarraidh faoi bhráid an Choimisiúin. Soláthrófar san iarraidh faisnéis chuimsitheach maidir le daingniú na gcoinbhinsiún ábhartha agus áireofar inti na gealltanais cheangailteacha dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (d), (e) agus (f), lena n-áirítear an plean gníomhaíochta.

3. Tar éis dó iarraidh a fháil, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

4. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinn I a leasú chun stádas tíre is tairbhí de GSP+ a dheonú do thír iarrthach trína sainaithint amhlaidh i gcolún C di.

5. I gcás nach gcomhlíonann tír is tairbhí de GSP+ na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a) nó (c), a thuilleadh nó i gcás ina n-aistarraingíonn sí aon cheann dá gealltanais cheangailteacha dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (d), (e) agus (f), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinn I a leasú ionas nach sainaithnítear an tír sin mar thír is tairbhí de GSP+ a thuilleadh.

6. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don tír iarrthach faoi chinneadh a dhéantar i gcomhréir le míreanna 4 agus 5 tar éis fhoilsiú an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear sna míreanna sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás ina ndeonaítear stádas tíre is tairbhí de GSP+ don tír iarrthach, cuirfidh an Coimisiún an tír sin ar eolas faoin dáta a bheidh feidhm ag an ngníomh tarmligthe sin.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a bhunú a bhaineann leis an nós imeachta chun stádas tíre is tairbhí de GSP+ a dheonú, go háirithe i ndáil le spriocdhátaí agus iarrataí a thíolacadh agus a phróiseáil.

Airteagal 11

1. Liostaítear in Iarscríbhinní III agus VII na táirgí a áirítear in GSP+.

2. Gan dochar d'Airteagal 6(2), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinní III agus VII a leasú chun leasuithe ar an Ainmníocht Chomhcheangailte lena ndéantar difear do na táirgí a liostaítear sna hIarscríbhinní sin a chur san áireamh.

Airteagal 12

1. Maidir leis na dleachtanna *ad valorem* Comhtharaife Custaim ar gach táirge a liostaítear in Iarscríbhinní III agus VII, ar de thionscnamh tíre is tairbhí de GSP+ iad, déanfar iad a fhionraí.

2. Déanfar dleachtanna sonracha Comhtharaife Custaim ar tháirgí dá dtagraítear i mír 1 a fhionraí ina n-iomláine, ach amháin i gcás táirgí a bhfuil dleachtanna *ad valorem* ar áireamh sna dleachtanna Comhtharaife Custaim. I gcás táirgí arb é 1704 10 90 a gcód Ainmníochta Comhcheangailte, is é 16 % den luach custaim an teorainn a bheidh leis an dleacht shonrach.

Airteagal 13

1. Ó dháta deonaithe na bhfabhar taraife dá bhforáiltear faoi GSP+, i dtimthriallta faireacháin rialta 3 bliana, déanfaidh an Coimisiún plé le gach ceann de na tíortha is tairbhithe de GSP+, agus déanfaidh sé athbhreithniú leanúnach agus faireachán ar stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha agus ar a gcur chun feidhme éifeachtach, agus ar chomhoibriú na tíre is tairbhí de GSP+ leis na comhlachtaí faireacháin ábhartha, agus ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag gach tír is tairbhí de GSP+ maidir lena plean gníomhaíochta a chur chun feidhme. Á dhéanamh sin dó, scrúdóidh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha uile, go háirithe conclúidí agus moltaí na gcomhlachtaí faireacháin ábhartha.

2. Comhoibreoidh tír is tairbhí de GSP+ leis an gCoimisiún agus soláthróidh sí an fhaisnéis uile is gá chun measúnú a dhéanamh ar an urraim a thugann sí do na gealltanais cheangailteacha dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (d), (e) agus (f), agus ar a staid a mhéid a bhaineann le hAirteagal 9(1), pointí (b) agus (c).

3. Tabharfaidh an Coimisiún, i gcás inarb infheidhme i gcomhpháirt le SEGS, cuairt faireacháin amháin ar a laghad ar gach tír is tairbhí de GSP+ in aghaidh gach timthrialla faireacháin, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag gach tír is tairbhí de GSP+ maidir le cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún ábhartha, agus na céimeanna a glacadh i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta ábhartha á gcur san áireamh.

Airteagal 14

1. Faoin 1 Eanáir 2030, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha, maidir le conas atá na tíortha is tairbhithe de GSP+ ag comhlíonadh aon oibleagáidí tuairiscithe faoi choinbhinsiúin ábhartha den sórt sin agus maidir le stádas chur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin.

2. Áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1:

(a) conclúidí nó moltaí comhlachtaí ábhartha faireacháin i leith gach tíre is tairbhí de GSP+; agus

(b) conclúidí an Choimisiúin agus, i gcás inarb iomchuí, conclúidí SEGS i dtaobh an bhfuil gach tír is tairbhí de GSP+ ag urramú na ngealltanas ceangailteach atá uirthi oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh, comhoibriú leis na comhlachtaí faireacháin ábhartha i gcomhréir leis na coinbhinsiúin ábhartha agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin a áirithiú, agus cur chun feidhme a plean gníomhaíochta á chur san áireamh.

Féadfaidh aon fhaisnéis is iomchuí dar leis an gCoimisiún, ó aon fhoinse, a bheith san áireamh sa tuarascáil.

I gcásanna ina bhfuil ábhair shonracha imní ann, léireofar sa tuarascáil moltaí maidir le saincheisteanna agus gníomhaíochtaí a bhfuil tosaíocht le tabhairt dóibh sa chéad timthriall faireacháin eile chun feabhas a chur ar chur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún ábhartha dá dtagraítear sna gealltanais cheangailteacha chomhfhreagracha.

3. Agus iad ag teacht ar a gconclúidí maidir le cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún ábhartha, déanfaidh an Coimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, SEGS measúnú ar chonclúidí agus moltaí na gcomhlachtaí faireacháin ábhartha, agus, gan dochar d'fhoinsí eile, ar fhaisnéis arna tíolacadh ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle mar aon le tríú páirtithe, lena n-áirítear rialtais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe sóisialta.

Airteagal 15

1. Déanfar GSP+ a aistarraingt go sealadach, i leith gach táirge nó táirgí áirithe de thionscnamh tíre is tairbhí de GSP+, i gcás nach n-urramaíonn an tír is tairbhí de GSP+ sin a gealltanais cheangailteacha dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (d), (e) agus (f), nó i gcás ina bhfuil forchoimeádas leagtha amach ag an tír is tairbhí de GSP+ atá toirmiscthe le haon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha nó nach bhfuil comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir an choinbhinsiúin ábhartha sin mar a bhunaítear in Airteagal 9(1), pointe (c).

2. Is ar an tír is tairbhí de GSP+ a bheidh an dualgas a chruthú go bhfuil sí ag comhlíonadh a hoibleagáidí a eascraíonn as gealltanais cheangailteacha dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (d), (e) agus (f), agus a staide dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c).

3. Más rud é, bíodh sé ar bhonn chonclúidí na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 14 nó ar bhonn na fianaise atá ar fáil, lena n-áirítear fianaise arna tíolacadh trí ghearán, agus an rannpháirtíocht fheabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 20 á cur san áireamh, go bhfuil amhras réasúnach ar an gCoimisiún nach bhfuil tír is tairbhí de GSP+ ar leith ag urramú a gealltanas ceangailteach a bhfuil an plean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (d) mar bhonn taca leo nó ag urramú a gealltanas ceangailteach dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (e) nó (f), nó go bhfuil forchoimeádas leagtha amach aici atá toirmiscthe le haon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha nó nach bhfuil comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir an choinbhinsiúin ábhartha sin mar a bhunaítear in Airteagal 9(1), pointe (c), déanfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2), chun an nós imeachta um aistarraingt shealadach na bhfabhar taraife dá bhforáiltear faoi GSP+ a thionscnamh. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis sin.

4. Foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tabharfaidh sé fógra don tír is tairbhí de GSP+ lena mbaineann maidir le glacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3. San fhógra sin:

(a) luafar na forais leis an amhras réasúnach dá dtagraítear i mír 3 lena bhféadfaí tabhairt faoi cheist an ceart atá ag an tír is tairbhí de GSP+ leanúint de bheith ag tairbhiú de na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi GSP+;

(b) sonrófar an tréimhse ar laistigh di atá a cuid barúlacha le cur isteach ag an tír is tairbhí de GSP+.

Ní bheidh an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír níos faide ná 3 mhí ó dháta foilsithe an fhógra.

5. Tabharfaidh an Coimisiún gach deis don tír is tairbhí de GSP+ lena mbaineann chun bheith ag comhoibriú le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 4, pointe (b).

6. Lorgóidh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheasann sé is gá, lena n-áirítear conclúidí agus moltaí na gcomhlachtaí ábhartha faireacháin agus faisnéis ábhartha ó fhoinsí eile, lena n-áirítear fianaise arna tíolacadh trí ghearán nó arna soláthar ag tríú páirtithe, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, de réir mar is iomchuí. Agus é ag teacht ar a chonclúidí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar gach faisnéis ábhartha.

7. Laistigh de 3 mhí tar éis dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (b), cinnfidh an Coimisiún:

(a) an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh; nó

(b) na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi GSP+ a aistarraingt go sealadach.

8. I gcás ina measann an Coimisiún nach dtugann na fionnachtana údar maith le haistarraingt shealadach, déanfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2), chun an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh. Beidh an gníomh cur chun feidhme sin bunaithe, inter alia, ar an bhfianaise a fhaightear.

9. I gcás ina measann an Coimisiún go dtugann na fionnachtana údar maith le haistarraingt shealadach ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinní I agus II a leasú chun na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi GSP+ a aistarraingt go sealadach.

Agus na gníomhartha tarmligthe sin á n-ullmhú aige, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, anailís ar an éifeacht shocheacnamaíoch a bheidh i gceist le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife sa tír is tairbhí.

10. I gcás ina gcinneann an Coimisiún aistarraingt shealadach a dhéanamh, tiocfaidh gníomhartha tarmligthe den sórt sin chun bheith infheidhme 6 mhí ó dháta a nglactha.

11. Tar éis gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun GSP+ a aistarraingt go sealadach, leanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, den idirphlé arna thionscnamh faoi chuimsiú na rannpháirtíochta feabhsaithe faoi Airteagal 20.

12. I gcás nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna a thugann údar maith leis an aistarraingt shealadach sula dtiocfaidh na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 9 den Airteagal seo chun bheith infheidhme, tugtar de chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe sin a aisghairm chun fabhair tharaife a aistarraingt go sealadach i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 46.

13. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a bhunú a bhaineann leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach GSP+, go háirithe maidir le spriocdhátaí, cearta na bpáirtithe, rúndacht, agus coinníollacha maidir le hathbhreithniú.

Airteagal 16

I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna a thug údar maith le haistarraingt shealadach fabhar taraife, dá dtagraítear in Airteagal 15(1), tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinní I agus II a leasú, chun na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi GSP+ a athbhunú.

I gcás ina leanann cuid de na cúiseanna dá dtagraítear in Airteagal 15(1), ar cinneadh aistarraingt shealadach fabhar taraife ina leith, d'fheidhm a bheith acu agus nach leanann cúiseanna eile d'fheidhm a bheith acu, nó i gcás ina dtagann cúiseanna sa bhreis ar na cúiseanna a thug údar leis an aistarraingt shealadach chun bheith infheidhme, déanfar na bearta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 15(9) a choigeartú dá réir.

CAIBIDIL IV

EBA

Airteagal 17

1. Tairbheoidh tír incháilithe de na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi EBA más tír is lú forbairt í an tír sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar liosta na dtíortha is tairbhithe de EBA a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus a shainaithnítear amhlaidh i gcolún C di, ar bhonn na sonraí is déanaí atá ar fáil.

I gcás nach gcomhlíonann tír is tairbhí de EBA an coinníoll dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thuilleadh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinn I a leasú chun an tír a bhaint den socrú EBA tar éis idirthréimhse 3 bliana ón dáta nach gcomhlíonann an tír is tairbhí de EBA an coinníoll sin a thuilleadh.

3. Fad is atáthar ag feitheamh ar thír nua neamhspleách a bheith ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe mar thír is lú forbairt, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinn I a leasú mar bheart idirlinne chun tír den sórt sin a chur ar liosta na dtíortha is tairbhithe de EBA.

Mura bhfuil tír nua neamhspleách den sórt sin ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe mar thír is lú forbairt le linn an chéad athbhreithnithe atá ar fáil ar chatagóir na dtíortha is lú forbairt, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh gan mhoill, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinn I a leasú chun an tír sin a bhaint ón Iarscríbhinn sin, gan an idirthréimhse dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a dheonú.

4. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don tír is tairbhí de EBA lena mbaineann maidir le haon athruithe ar a stádas faoi GSP.

Airteagal 18

Déanfar na dleachtanna Comhtharaife Custaim ar na táirgí uile a liostaítear i gCaibidlí 1 go 97 den Ainmníocht Chomhcheangailte, seachas iad sin i gCaibidil 93, ar de thionscnamh tíre is tairbhí de EBA iad, a fhionraí ina n-iomláine.

CAIBIDIL V

Forálacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht

Airteagal 19

Rachaidh an Coimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, SEGS i gcomhar le tíortha is tairbhithe de GSP caighdeánach agus le tíortha is tairbhithe de EBA i gcomhthéacs an idirphlé dhéthaobhaigh atá ann cheana, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha agus chun an dul chun cinn sin a spreagadh.

Airteagal 20

1. Féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó ar ghearán nó ar a thionscnamh féin, dul i mbun rannpháirtíocht fheabhsaithe le tír is tairbhí de GSP caighdeánach nó le tír is tairbhí de EBA i gcásanna ina mbeadh sé sin tairbhiúil chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh maidir le cur chun feidhme na gcoinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo, agus go háirithe i gcásanna easnamh maidir leis an urraim do phrionsabail na gcoinbhinsiún ábhartha. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil na céimeanna is gá déanta ag an tír is tairbhí de GSP caighdeánach nó ag an tír is tairbhí de EBA chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh, féadfaidh sé deireadh a chur leis an rannpháirtíocht fheabhsaithe.

2. I gcás tíortha is tairbhithe de GSP+, déanfaidh an Coimisiún, faoi chuimsiú na rannpháirtíochta feabhsaithe, na gníomhaíochtaí athbhreithnithe, faireacháin agus measúnaithe is gá i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 13.

Airteagal 21

Chun críocha chur i bhfeidhm na gcéimeanna nós imeachta ábhartha faoin Rialachán seo a bhaineann leis na coinbhinsiúin ábhartha, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na gníomhaíochtaí agus na nósanna imeachta ábhartha arna ndéanamh ag na heintitis idirnáisiúnta ábhartha i réimse chearta an duine, na gceart saothair, chosaint na haeráide agus an chomhshaoil, agus an dea-rialachais.

Airteagal 22

1. Leis an idirphlé déthaobhach atá ann cheana agus an rannpháirtíocht fheabhsaithe le tíortha is tairbhithe dá dtagraítear sa Chaibidil seo, féadfar aghaidh a thabhairt ar an gcomhar maidir le hathligean isteach náisiúnaigh na tíre féin sin, nuair is imircigh neamhrialta isteach san Aontas iad na daoine sin.

2. I gcás inar thíolaic an Coimisiún togra de bhun Airteagal 25a(5), pointe (a), den Chód Víosaí, rachaidh sé i mbun rannpháirtíocht fheabhsaithe thiomnaithe leis an tír is tairbhí lena mbaineann chun feabhas a chur ar leibhéal comhair na tíre is tairbhí i ndáil leis an oibleagáid idirnáisiúnta náisiúnaigh na tíre is tairbhí féin sin a athligean isteach.

3. I gcás easnaimh thromchúiseacha agus chórasacha a bhaineann leis an oibleagáid idirnáisiúnta náisiúnaigh tíre is tairbhí féin a athligean isteach, féadfar na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach, i leith gach táirge nó táirgí áirithe de thionscnamh na tíre is tairbhí sin, i gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil leibhéal neamhleor comhair fós ann maidir le hathligean isteach tar éis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rannpháirtíocht fheabhsaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo 12 mhí ar a laghad ón dáta a chuirfidh an Coimisiún an togra faoi bhráid na Comhairle chun cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le h Airteagal 25a(5), pointe (a), den Chód Víosaí, do thíortha is tairbhithe de GSP caighdeánach agus do thíortha is tairbhithe GSP+;

(b) rannpháirtíocht fheabhsaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo 12 mhí ar a laghad ón dáta a ghlacfaidh an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 25a(5), pointe (a), den Chód Víosaí, do thíortha is tairbhithe de EBA.

4. Ní fhéadfaidh an Coimisiún an nós imeachta a thionscnamh chun na socruithe fabhracha a aistarraingt go sealadach ó thír is tairbhí de bhun mhír 3 ach amháin tar éis dó measúnú a dhéanamh, ar bhonn tosaigh, an mbeadh aistarraingt shealadach fhéideartha na socruithe fabhracha comhréireach, agus rannchuidiú aistarraingthe sealadaí le feabhas a chur ar an gcomhar leis an tríú tír i dtrácht á chur san áireamh, lena n-áirítear i bhfianaise staid shocheacnamaíoch na tíre sin. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoina mheasúnú agus cuirfidh sé tuarascáil phoiblí ar fáil ina gcuirfear a chonclúidí i láthair.

5. Gan dochar do mhíreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 23(3) go (17) agus ag Airteagal 24 maidir le haistarraingt shealadach na socruithe fabhracha de bhun mhír 3 den Airteagal seo.

6. Nuair a ghlacann an Coimisiún gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 23(10) chun na socruithe fabhracha a aistarraingt go sealadach ó thír is tairbhí i gcás easnaimh thromchúiseacha agus chórasacha a bhaineann leis an oibleagáid idirnáisiúnta náisiúnaigh tíre is tairbhí féin a athligean isteach, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin bhfaisnéis ábhartha a áirítear sna tuarascálacha a cuireadh ar fáil, agus sna measúnuithe a rinneadh, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 25a den Chód Víosaí i ndáil leis an tír is tairbhí sin, lena n-áirítear sonraí iomchuí maidir le treochtaí um athligean isteach náisiúnaigh na tíre is tairbhí sin.

7. Áireofar sa tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá bhforáiltear in Airteagal 49, an dara mír, measúnú ar an ngá atá leis an nasc idir GSP agus an comhar maidir le náisiúnaigh féin a athligean isteach ag tíortha is tairbhithe agus ar fheidhmiú an naisc sin.

8. Beidh feidhm ag míreanna 3 agus 4 maidir le tíortha is tairbhithe de EBA ón 1 Eanáir 2029.

CAIBIDIL VI

Forálacha maidir le haistarraingt shealadach is coiteann do gach socrú fabhrach

Airteagal 23

1. Féadfar na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach, i leith gach táirge nó táirgí áirithe de thionscnamh tíre is tairbhí, ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas:

(a) sárú tromchúiseach agus córasach na bprionsabal a leagtar síos sna coinbhinsiúin ábhartha;

(b) onnmhairiú earraí arna ndéanamh le saothar leanaí agus saothar éigeantais, lena n-áirítear sclábhaíocht agus saothar príosúin, a thoirmisctear go hidirnáisiúnta;

(c) easnaimh thromchúiseacha i rialuithe custaim ar onnmhairiú nó iompar drugaí (substaintí aindleathacha nó réamhtheachtaithe), nó mainneachtain thromchúiseach coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht nó maidir le comhrac an sciúrtha airgid a chomhlíonadh;

(d) cleachtais éagóracha trádála atá tromchúiseach agus córasach lena n-áirítear na cleachtais sin a dhéanann difear do sholáthar amhábhar, a bhfuil éifeacht dhíobhálach acu ar thionscal an Aontais, agus ar cleachtais iad nár leigheas an tír is tairbhí;

(e) sárú tromchúiseach agus córasach na gcuspóirí arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha iascaigh nó ag aon socruithe idirnáisiúnta maidir le caomhnú agus bainistiú acmhainní iascaigh a bhfuil an tAontas ina pháirtí de.

Maidir leis na cleachtais éagóracha trádála sin, dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír, atá toirmiscthe nó inghníomhaithe faoi Chomhaontuithe EDT, beidh cur i bhfeidhm an Airteagail seo bunaithe ar chinneadh a rinne comhlacht inniúil EDT roimhe sin chuige sin.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointe (d), den Airteagal seo i ndáil le táirgí tíre is tairbhí atá faoi réir bearta frithdhumpála nó frithchúitimh faoi Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) nó faoi Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]).

3. I gcás ina measann an Coimisiún, ag gníomhú dó ar ghearán nó ar a thionscnamh féin, go bhfuil forais leordhóthanacha ann a thugann údar maith le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife dá bhforáiltear faoi aon socrú fabhrach dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ar bhonn na gcúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus an rannpháirtíocht fheabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 20 á cur san áireamh, i gcás inarb infheidhme, déanfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun an nós imeachta um aistarraingt shealadach a thionscnamh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2). I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil forais leordhóthanacha ann a thugann údar maith le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife ar bhonn Airteagal 22(3), pointe (a), déanfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2), chun an nós imeachta um aistarraingt shealadach a thionscnamh. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil forais leordhóthanacha ann a thugann údar maith le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife ar bhonn Airteagal 22(3), pointe (b), déanfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun an nós imeachta um aistarraingt shealadach a thionscnamh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(3). Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme sin.

4. Foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* lena bhfógraítear tionscnamh nós imeachta um aistarraingt shealadach, agus tabharfaidh sé fógra don tír is tairbhí lena mbaineann maidir le glacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3. San fhógra sin:

(a) soláthrófar forais leordhóthanacha i ndáil leis an ngníomh cur chun feidhme chun nós imeachta um aistarraingt shealadach a thionscnamh, dá dtagraítear i mír 3; agus

([14]) Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj).

([15]) Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj).

(b) luafar go ndéanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar an staid sa tír is tairbhí lena mbaineann le linn na tréimhse faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo agus, i gcás inarb iomchuí, go leanfaidh sé den idirphlé arna thionscnamh faoi chuimsiú na rannpháirtíochta feabhsaithe faoi Airteagal 20.

5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar feadh tréimhse 6 mhí ón tráth a fhoilsítear an fógra dá dtagraítear i mír 4. Tabharfaidh an Coimisiún gach deis don tír is tairbhí lena mbaineann a bheith rannpháirteach agus comhoibriú aon tráth le linn na tréimhse sin.

6. Lorgóidh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheasann sé is gá, lena n-áirítear na measúnuithe, na barúlacha, na cinntí, na moltaí agus na conclúidí ó na comhlachtaí ábhartha faireacháin atá ar fáil, agus faisnéis ábhartha ó fhoinsí eile, lena n-áirítear fianaise arna tíolacadh trí ghearán nó arna soláthar ag tríú páirtithe, de réir mar is iomchuí. Agus é ag teacht ar a chonclúidí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis ábhartha uile, lena n-áirítear faisnéis ón tsochaí shibhialta.

7. Laistigh de 3 mhí ó dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear i mír 5, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir lena fhionnachtana agus a chonclúidí a chur faoi bhráid na tíre is tairbhí lena mbaineann. Tá ag an tír is tairbhí an ceart a barúlacha a thíolacadh maidir leis an tuarascáil. Ní bheidh an tréimhse le haghaidh barúlacha níos faide ná 1 mhí amháin.

8. Laistigh de 6 mhí ó dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear i mír 5, déanfaidh an Coimisiún cinneadh:

(a) an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh; nó

(b) na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach.

9. I gcás ina measann an Coimisiún nach dtugann na fionnachtana údar maith le haistarraingt shealadach, déanfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2), maidir leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh.

10. I gcás ina measann an Coimisiún go dtugann na fionnachtana údar maith le haistarraingt shealadach ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinní I agus II a leasú, chun na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach. Agus an gníomh tarmligthe sin á ullmhú aige, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, anailís ar an éifeacht shocheacnamaíoch a bheidh i gceist le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife sa tír is tairbhí.

11. Beidh an gníomh cur chun feidhme nó tarmligthe arna ghlacadh dá dtagraítear i mír 9 nó 10, faoi seach, bunaithe, inter alia, ar fhianaise a bhailítear agus a fhaightear.

12. I gcás ina gcinneann an Coimisiún fabhair tharaife a aistarraingt go sealadach, tiocfaidh an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 10 chun bheith infheidhme 6 mhí ó dháta a ghlactha.

13. Tar éis ghlacadh an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo, leanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, den idirphlé arna thionscnamh faoi chuimsiú na rannpháirtíochta feabhsaithe faoi Airteagal 20. In éagmais rannpháirtíocht den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún modhanna eile idirphlé a shaothrú.

14. I gcás nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna a thugann údar maith le haistarraingt shealadach sula dtiocfaidh an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo chun bheith infheidhme, tabharfar de chumhacht don Choimisiún aisghairm a dhéanamh ar an ngníomh tarmligthe a glacadh chun na fabhair tharaife a aistarraingt go sealadach i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 46.

15. I gcás ina measann an Coimisiún in imthosca eisceachtúla, amhail éigeandáil dhomhanda sláinte nó sláintíochta, tubaistí nádúrtha nó imeachtaí eile gan choinne, gurb iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme na haistarraingthe sealadaí, nó cur i bhfeidhm na haistarraingthe sealadaí a chur siar nó a fhionraí, tugtar de chumhacht don Choimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo a leasú i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 46.

16. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a bhunú a bhaineann leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach na socruithe fabhracha uile dá dtagraítear in Airteagal 1(2) go háirithe maidir le spriocdhátaí, cearta na bpáirtithe, rúndacht, agus athbhreithniú ar aon bhearta arna nglacadh.

17. Tionscnóidh an Coimisiún an nós imeachta um aistarraingt shealadach i gcomhréir le míreanna 3 go 16 i gcás ina measann sé:

(a) go bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun údar maith a thabhairt le haistarraingt shealadach ar an gcúis a leagtar amach i mír 1, pointe (a); agus

(b) go bhfuil mórfhorais phráinne ann a bhfuil údar cuí leo amhail sáruithe thar a bheith tromchúiseach ar na prionsabail dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), lena n-éilítear mearfhreagairt i bhfianaise na n-imthosca sonracha sa tír is tairbhí agus ar deacair aghaidh a thabhairt orthu trí úsáid a bhaint as an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3.

Sa nós imeachta faoin mír seo, laghdófar an tréimhse dá dtagraítear i mír 5 go 2 mhí agus laghdófar an spriocdháta dá dtagraítear i mír 8 go 5 mhí.

18. I gcás ina gcinneann an Coimisiún fabhair tharaife a aistarraingt go sealadach de bhun mhír 17 den Airteagal seo, déanfar an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46 agus beidh feidhm aige 1 mhí amháin tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 24

I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna a thug údar maith le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife, dá dtagraítear in Airteagal 23(1), tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45, chun Iarscríbhinní I agus II a leasú, chun na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi GSP a athbhunú.

I gcás ina leanann cuid de na cúiseanna dá dtagraítear in Airteagal 23(1), ar cinneadh aistarraingt shealadach fabhar taraife ina leith, d'fheidhm a bheith acu agus nach leanann cúiseanna eile d'fheidhm a bheith acu, nó i gcás ina dtagann cúiseanna sa bhreis ar na cúiseanna a thug údar le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife chun bheith infheidhme, déanfar na bearta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 23(10) a choigeartú dá réir.

Airteagal 25

1. Féadfar na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach, i leith gach táirge nó táirgí áirithe de thionscnamh tíre is tairbhí, i gcás calaoise, mírialtachtaí nó mainneachtain chórasach na rialacha a bhaineann le tionscnamh táirgí agus na nósanna imeachta a bhaineann leis na rialacha sin a chomhlíonadh nó comhlíonadh na rialacha agus nósanna imeachta sin a áirithiú, nó i gcás mainneachtana comhar riaracháin a sholáthar de réir mar is gá chun na socruithe fabhracha sin a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na socruithe fabhracha sin.

2. An comhar riaracháin dá dtagraítear i mír 1, cuireann sé de cheangal ar thír is tairbhí an méid seo a leanas, inter alia, a dhéanamh:

(a) an fhaisnéis is gá chun na rialacha tionscnaimh a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha sin a chur in iúl don Choimisiún agus an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta;

(b) cuidiú leis an Aontas trí fhíorú iardain a dhéanamh, arna iarraidh sin d'údaráis chustaim na mBallstát, ar thionscnamh na n-earraí, agus torthaí an fhíoraithe sin a chur in iúl in am don Choimisiún;

(c) cuidiú leis an Aontas trí lamháil don Choimisiún, agus é ag comhordú a chuid oibre i ndlúthchomhar le húdaráis inniúla na mBallstát, misin chomhoibrithe riaracháin agus imscrúdaitheacha an Aontais a dhéanamh sa tír sin, chun barántúlacht doiciméad a fhíorú nó chun cruinneas faisnéise atá ábhartha do dheonú na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a fhíorú;

(d) fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh, nó a chur á ndéanamh, chun sárú ar na rialacha tionscnaimh a shainaithint agus a chosc;

(e) na rialacha tionscnaimh a bhaineann le carnadh réigiúnach dá dtagraítear i dTeideal II, Caibidil 1, Roinn 2, Foroinn 3, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a chomhlíonadh nó comhlíonadh na rialacha sin a áirithiú, má thairbhíonn an tír is tairbhí de;

(f) cúnamh a thabhairt don Aontas iompar a fhíorú i gcás ina dtoimhdítear calaois a bhaineann le tionscnamh a bheith ann, lena bhféadfaí a thoimhdiú go bhfuil calaois ann i gcás ina bhfuil allmhairí táirgí faoi na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) i bhfad os cionn ghnáthleibhéil na n-onnmhairí ón tír is tairbhí.

3. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach ann a thugann údar maith le haistarraingt shealadach na socruithe fabhracha ar na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, déanfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 48(4) chun na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach, i leith gach táirge nó táirgí áirithe de thionscnamh tíre is tairbhí.

4. Sula nglacfaidh sé gníomhartha den sórt sin, foilseoidh an Coimisiún ar dtús fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* á rá go bhfuil forais d'amhras réasúnach ann i leith chomhlíonadh mhíreanna 1 agus 2, lena bhféadfaí an ceart atá ag an tír is tairbhí leanúint de bheith ag tairbhiú de na tairbhí a dheonaíonn an Rialachán seo a thabhairt faoi cheist.

5. Cuirfidh an Coimisiún an tír is tairbhí lena mbaineann ar an eolas maidir le haon ghníomh cur chun feidhme a ghlactar i gcomhréir le mír 3, sula dtiocfaidh sé chun bheith infheidhme.

6. Ní bheidh tréimhse thosaigh aistarraingt shealadach na bhfabhar taraife níos faide ná 6 mhí. Ar a dhéanaí ar dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 48(4) chun aistarraingt shealadach na bhfabhar taraife a fhoirceannadh nó chun tréimhse aistarraingt shealadach na bhfabhar taraife a fhadú tar éis na tréimhse tosaigh.

7. An fhaisnéis ábhartha uile, lena n-áirítear mírialtachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis na rialacha tionscnaimh, a d'fhéadfadh údar maith a thabhairt le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife nó le fadú nó foirceannadh na haistarraingthe sealadaí sin, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún í.

CAIBIDIL VII

Forálacha maidir le cosaint agus faireachas

Roinn I

Coimircí Ginearálta

Airteagal 26

1. I gcás ina ndéantar táirge de thionscnamh tíre is tairbhí d'aon cheann de na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a allmhairiú i méideanna nó ar phraghsanna is cúis, nó is baol a bheith ina gcúis, le deacrachtaí tromchúiseacha do tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leis an táirge sin, féadfar gnáthdhleachtanna Comhtharaife Custaim ar an táirge sin a thabhairt isteach an athuair go hiomlán nó go páirteach.

2. Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'táirge comhchosúil' táirge atá mar a chéile leis an táirge i gceist, is é sin le rá, ar cosúil gach gné de leis an táirge i gceist, nó, in éagmais táirge den sórt sin, táirge eile, cé nach cosúil gach gné de leis an táirge i gceist, a bhfuil a shaintréithe an-chosúil le saintréithe an táirge i gceist.

3. Chun críocha na Caibidle seo, cuimsíonn 'páirtithe leasmhara' na páirtithe sin a bhfuil baint acu le táirgeadh, dáileadh nó díol na dtáirgí allmhairithe dá dtagraítear i mír 1 agus táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a bhunú a bhaineann leis an nós imeachta chun bearta ginearálta coimirce a ghlacadh, go háirithe maidir le spriocdhátaí, cearta na bpáirtithe, rúndacht, nochtadh, fíorú, cuairteanna agus athbhreithniú ar bhearta.

Airteagal 27

Measfar deacrachtaí tromchúiseacha, dá dtagraítear in Airteagal 26(1), a bheith ann i gcás ina dtagann meathlú ar staid eacnamaíoch nó airgeadais tháirgeoirí an Aontais. Agus scrúdú á dhéanamh an ann don mheathlú sin, féadfaidh an Coimisiún measúnú a dhéanamh freisin, i gcás inarb iomchuí, ar dhinimic an mhargaidh san earnáil ina hiomláine, lena n-áirítear an tionchar ar tháirgeoirí eile san earnáil, amhail táirgeoirí táirgí réamhtheachtacha nó iartheachtacha. Agus a mheasúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé táscairí ábhartha don staid eacnamaíoch nó airgeadais san áireamh. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na táscairí sin:

(a) sciar den mhargadh;

(b) táirgeadh;

(c) stoic;

(d) cumas táirgthe;

(e) allmhairí.

Airteagal 28

1. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 26(1), imscrúdóidh sé ar cheart na gnáthdhleachtanna Comhtharaife Custaim a thabhairt isteach an athuair go hiomlán nó go páirteach.

2. Tionscnóidh an Coimisiún imscrúdú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo arna iarraidh sin do Bhallstát, d'aon duine dlítheanach nó d'aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, ag gníomhú dó thar ceann tháirgeoirí an Aontais, nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin más léir don Choimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann, arna chinneadh ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 27, chun údar maith a thabhairt leis an imscrúdú sin. Beidh san iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh fianaise leordhóthanach prima facie go gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an mbeart coimirce a leagtar amach in Airteagal 26(1) a fhorchur. Cuirfear an iarraidh faoi bhráid na Comhairle. Scrúdóidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, cruinneas agus leormhaitheas na fianaise a sholáthraítear san iarraidh chun a chinneadh an bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann chun údar maith a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.

3. I gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann chun údar maith a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh, foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Soláthrófar san fhógra sin na mionsonraí uile is gá faoin nós imeachta agus faoi na spriocdhátaí, lena n-áirítear an fhéidearthacht dul ar iontaoibh Oifigeach Éisteachta ard-stiúrthóireacht an Choimisiúin atá freagrach as trádáil idirnáisiúnta. Tionscnófar an t-imscrúdú laistigh de mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil de bhun mhír 2. I gcás nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun údar maith a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoina chinneadh gan imscrúdú a thionscnamh laistigh de mhí amháin ón iarraidh sin a fháil.

4. Déanfar imscrúdú, lena n-áirítear na céimeanna nós imeachta dá dtagraítear in Airteagail 29, 30 agus 31, a thabhairt chun críche laistigh de 12 mhí óna thionscnamh.

5. Maidir le himscrúduithe coimirce ginearálta a bhaineann le táirgí a liostaítear i gCaibidlí 1 go 24 den Chomhtharaif Chustaim mar a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, ar de thionscnamh tíortha is tairbhithe iad, déanfar an tréimhse dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a laghdú go 2 mhí sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach n-áirithíonn an tír is tairbhí lena mbaineann comhlíonadh na rialacha tionscnaimh nó i gcás nach soláthraíonn sí an comhar riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 25;

(b) i gcás ina bhfuil allmhairí táirgí a liostaítear i gCaibidlí 1 go 24 den Chomhtharaif Custaim mar a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, faoi na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), i bhfad os cionn ghnáthleibhéil na n-onnmhairí ón tír is tairbhí lena mbaineann.

Airteagal 29

Ar chúiseanna práinne a bhfuil údar cuí tugtha leo agus a bhaineann le meathlú staid eacnamaíoch nó airgeadais tháirgeoirí an Aontais, agus i gcás ina bhféadfadh moill damáiste a dhéanamh a bheadh deacair a chur ina cheart, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 48(4) chun gnáthdhleachtanna Comhtharaife Custaim a thabhairt isteach an athuair ar feadh tréimhse suas le 12 mhí.

Airteagal 30

I gcás ina léiríonn na fíorais, faoi mar a shuitear go críochnaitheach iad, go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 26(1) á gcomhlíonadh, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na dleachtanna Comhtharaife Custaim a thabhairt isteach an athuair i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(3). Tiocfaidh na gníomhartha cur chun feidhme sin i bhfeidhm laistigh de mhí amháin ó dháta a bhfoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 31

I gcás ina léiríonn na fíorais, faoi mar a shuitear go críochnaitheach iad, nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 26(1) á gcomhlíonadh, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(3). Foilseofar na gníomhartha cur chun feidhme sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Más rud é nach bhfoilseofar aon ghníomh cur chun feidhme laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 28(4), measfar gur foirceannadh an t-imscrúdú agus rachaidh aon ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 29 in éag go huathoibríoch. Aon dleachtanna Comhtharaife Custaim a bailíodh de thoradh na ngníomhartha cur chun feidhme sin, déanfar iad a aisíoc.

Airteagal 32

Tabharfar na dleachtanna Comhtharaife Custaim isteach an athuair go hiomlán nó go páirteach a fhad is gá leo chun gníomhú in aghaidh mheathlú staid eacnamaíoch nó airgeadais tháirgeoirí an Aontais, nó a fhad a bheidh baol ann go dtarlóidh meathlú den sórt sin. Ní rachaidh an tréimhse dá dtabhairt isteach an athuair thar 3 bliana, mura rud é go ndéanfar an tréimhse sin a fhadú i gcúinsí a bhfuil údar cuí tugtha leo.

Roinn II

Coimircí speisialta le haghaidh táirgí áirithe

Airteagal 33

1. Gan dochar do Roinn I den Chaibidil seo, déanfaidh an Coimisiún, faoin 1 Eanáir gach bliain, ar a thionscnamh féin agus i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2), gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 12 a bhaint maidir leis na táirgí a liostaítear i roinn S-11a de GSP d'Iarscríbhinn III, maidir le táirgí a liostaítear i roinn S-11b de GSP d'Iarscríbhinn III, nó maidir le táirgí a thagann faoi chóid Ainmníochta Comhcheangailte 2207 10 00 agus 2207 20 00, i gcás inar de thionscnamh tíre is tairbhí allmhairí na dtáirgí sin agus i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir lena luach iomlán:

(a) i gcás táirgí a thagann faoi chóid Ainmníochta Comhcheangailte 2207 10 00 agus 2207 20 00, is mó é ná an sciar dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV de luach allmhairí isteach san Aontas de na táirgí céanna ó na tíortha is tairbhithe uile, le linn bliain féilire;

(b) i gcás táirgí a liostaítear i roinn S-11a de GSP d'Iarscríbhinn III agus i gcás táirgí faoi roinn S-11b de GSP d'Iarscríbhinn III, is mó é ná an sciar dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn IV de luach allmhairí isteach san Aontas de tháirgí a liostaítear i roinn S-11a de GSP d'Iarscríbhinn III nó de tháirgí a liostaítear i roinn S-11b de GSP d'Iarscríbhinn III ó na tíortha is tairbhithe uile, le linn bliain féilire.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le tíortha is tairbhithe de EBA, ná ní bheidh feidhm aici maidir le tíortha nach mó a sciar le haghaidh na dtáirgí ábhartha dá dtagraítear i mír 1 ná 6 % de luach allmhairí iomlána isteach san Aontas de na táirgí céanna.

3. Tiocfaidh baint na bhfabhar taraife chun bheith infheidhme 2 mhí ó dháta foilsithe an ghnímh cur chun fheidhme ón gCoimisiún chuige sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 34

1. Maidir le hallmhairí táirgí a thagann faoi chóid Ainmníochta Comhcheangailte 1006 10, 1006 20 agus 1006 30 de thionscnamh tíre is tairbhí, i gcás ina dtéann siad, go carnach agus ag aon phointe i mbliain féilire, 45 % ar a laghad thar na méideanna allmhairí bliantúla arna mbunú do gach tír is tairbhí i gcomhréir leis an modheolaíocht a shonraítear i mír 4, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) na fabhair tharaife le haghaidh allmhairí na dtáirgí sin de thionscnamh na tíre is tairbhí lena mbaineann a fhionraí, le héifeacht láithreach, ar feadh a bhfuil fágtha den bhliain féilire; agus

(b) taraifchuóta a thabhairt isteach, le linn na bliana féilire dár gcionn, d'allmhairí na dtáirgí sin de thionscnamh na tíre is tairbhí lena mbaineann.

Beidh an taraifchuóta dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír cothrom le méid bliantúil na n-allmhairí ón tír is tairbhí lena mbaineann arna bhunú don bhliain inar ghabh éifeacht leis an bhfionraí dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, i gcomhréir leis an modheolaíocht a shonraítear i mír 4. Ní leanfaidh ach allmhairí faoin taraifchuóta dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de thairbhe a bhaint as fabhair tharaife.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le tíortha is tairbhithe nach mó ná 6 % d'iomlán na n-allmhairí isteach san Aontas a sciar d'allmhairí táirgí a thagann faoi chóid Ainmníochta Comhcheangailte 1006 10, 1006 20 agus 1006 30 go carnach.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2), na socruithe chun faireachán a dhéanamh ar mhéideanna na-allmhairí, chun na fabhair tharaife a fhionraí, agus chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm. Beidh feidhm ag an gcéad cheann de na gníomhartha cur chun feidhme sin ón 1 Eanáir 2027.

4. I gcás na bliana féilire 2027, is trí mheán uimhríochtúil mhéideanna allmhairí bliantúla an Aontais de thionscnamh gach tíre is tairbhí idir an 1 Eanáir 2015 agus an 31 Nollaig 2024 a chinnfear na méideanna allmhairí i gcás gach tíre is tairbhí dá dtagraítear i mír 1. Faoin 31 Nollaig 2027 agus faoin 31 Nollaig gach bliain ina dhiaidh sin, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2) chun na méideanna allmhairí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus is infheidhme don bhliain féilire ina dhiaidh sin a shonrú, ar bhonn mheán uimhríochtúil mhéideanna allmhairí bliantúla an Aontais de thionscnamh gach tíre is tairbhí le linn na 10 mbliana féilire roimhe sin, bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil.

5. Áireofar sa tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá bhforáiltear in Airteagal 49, an dara mír, measúnú ar an ngá atá leis an sásra a leagtar amach san Airteagal seo agus ar fheidhmiú an tsásra sin.

Airteagal 35

Gan dochar do Ranna I agus III den Chaibidil seo, i gcás ina bhfuil allmhairí táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE ina gcúis, nó inar baol iad a bheith ina gcúis, le suaitheadh tromchúiseach i margaí an Aontais, go háirithe i gceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí, nó i sásraí rialála na margaí sin, déanfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag Ballstát, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste atá freagrach as comheagrú na margaí ábhartha sa talmhaíocht nó san iascach, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a fhionraí i dtaca leis na táirgí lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(3).

Airteagal 36

Cuirfidh an Coimisiún an tír is tairbhí lena mbaineann ar an eolas a luaithe is féidir maidir le haon chinneadh a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 33, 34 nó 35 sula dtiocfaidh sé chun bheith infheidhme.

Roinn III

Faireachas in earnálacha na talmhaíochta agus an iascaigh

Airteagal 37

1. Gan dochar do Roinn I den Chaibidil seo, féadfar táirgí a liostaítear i gCaibidlí 1 go 24 den Chomhtharaif Chustaim mar a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, ar táirgí de thionscnamh tíortha is tairbhithe iad, a chur faoi réir sásra speisialta faireachais, chun suaitheadh i margaí an Aontais a sheachaint. Maidir le táirgí sonracha, seolfar faireachas speisialta arna iarraidh sin do Bhallstát nó féadfaidh an Coimisiún é a sheoladh.

2. I gcás ina ndeimhnítear suaitheadh i margaí an Aontais le torthaí an fhaireachais speisialta ar tháirgí faoin Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste atá freagrach as comheagrú na margaí ábhartha sa talmhaíocht nó san iascach, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(3), chun na dleachtanna Comhtharaife Custaim a chur i bhfeidhm ar na táirgí atá faoi fhaireachas. Tiocfaidh baint na bhfabhar taraife chun bheith infheidhme ón lá tar éis lá foilsithe an ghnímh cur chun feidhme ábhartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Agus measúnú á dhéanamh ar suaitheadh i margaí an Aontais faoi mhír 1, cuirfidh an Coimisiún na forbairtí ábhartha uile sa mhargadh san áireamh, lena n-áirítear tionchar iomlán na n-allmhairí lena mbaineann ar staid mhargadh an Aontais. Áireofar sa mheasúnú sin tosca amhail tionchar na n-allmhairí lena mbaineann ar leibhéal praghsanna an Aontais, tionchar na n-allmhairí ó fhoinsí eile, méadú ar allmhairí ó thír is tairbhí, chomh maith le tionchar na n-allmhairí ar chobhsaíocht fhoriomlán mhargadh an Aontais don táirge ábhartha.

4. Ní mhairfidh an measúnú ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 3 níos faide ná 6 mhí. Féadfar an tréimhse don mheasúnú sin a fhadú 6 mhí ar a mhéad, i gcás inar gá.

5. Tabharfar na dleachtanna Comhtharaife Custaim isteach an athuair ar feadh tréimhse 12 mhí. Féadfar an tréimhse do thabhairt isteach na ndleachtanna sin an athuair a fhadú i gcás inar gá chun gníomhú in aghaidh an tsuaite i margaí ábhartha an Aontais.

Airteagal 38

Cuirfidh an Coimisiún an tír is tairbhí lena mbaineann ar an eolas a luaithe is féidir maidir le haon chinneadh a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 37 sula dtiocfaidh sé chun bheith infheidhme.

CAIBIDIL VIII

Forálacha coiteanna

Airteagal 39

1. Chun tairbhiú de na fabhair tharaife, is de thionscnamh tíre is tairbhí a bheidh na táirgí a n-éilítear na fabhair tharaife ina leith.

2. Chun críocha na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, is iad na rialacha a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 64(1) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 na rialacha a bheidh ann maidir le tionscnamh fabhrach.

3. Gan dochar do na rialacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus arna iarraidh sin do thír is tairbhí, deonóidh an Coimisiún carnadh réigiúnach dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 idir tíortha is tairbhithe de ghrúpaí réigiúnacha difriúla nó carnadh sínte dá dtagraítear in Airteagal 56 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 i gcás ina gcomhlíontar agus fad a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá fianaise leordhóthanach san iarraidh ón tír is tairbhí gur gá an carnadh sin i bhfianaise riachtanais shonracha trádála, forbartha agus mhaoinithe na tíre sin;

(b) ní chruthaíonn an carnadh deacrachtaí trádála míchuí do thíortha incháilithe eile, go háirithe tíortha is tairbhithe de EBA, i bhfianaise atreorú sreafaí trádála a d'fhéadfadh a bheith ann;

(c) soláthraíonn an tír is tairbhí fianaise nach féidir léi na rialacha tionscnaimh is infheidhme maidir leis na hearraí atá i gceist a chomhlíonadh, gan an carnadh sin a bheith deonaithe.

4. Agus measúnú á dhéanamh ar cibé acu atá údar maith leis an iarraidh i bhfianaise riachtanais shonracha trádála, forbartha agus mhaoinithe na tíre is tairbhí, go háirithe ar bhonn faisnéise arna soláthar ag an tír sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh leibhéal spleáchais na tíre is tairbhí ar tháirgeadh comhtháthaithe leis na tríú tíortha lena mbaineann an iarraidh, tionchar an spleáchais sin ar fhorbairt inbhuanaithe na tíre is tairbhí, ábharthacht na n-earnálacha a bhfuil táirgeadh comhtháthaithe den sórt sin iontu le haghaidh gheilleagar na tíre is tairbhí agus peirspictíochtaí forbartha amach anseo i ndáil leis na táirgí atá i gceist.

5. Sula dtiocfaidh an Coimisiún ar a chinneadh maidir le hiarraidh, tabharfaidh sé deis don tír is tairbhí a tuairimí a chur i láthair.

Airteagal 40

Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, áiritheofar sineirgí agus comhlántacht le gníomhaíochtaí seachtracha ábhartha an Aontais agus cláir sheachtracha ábhartha an Aontais, go háirithe i ndáil le forbairt.

Airteagal 41

1. I gcás ina ndéantar ráta dleachta *ad valorem* ar dhearbhú allmhairiúcháin aonair a laghdú i gcomhréir leis an Rialachán seo go 1 % nó níos lú, déanfar an dleacht sin a fhionraí ina hiomláine.

2. I gcás ina ndéantar ráta dleachta sonraí ar dhearbhú allmhairiúcháin aonair a laghdú i gcomhréir leis an Rialachán seo go EUR 2 nó níos lú in aghaidh gach méid arna ríomh in euro, déanfar an dleacht sin a fhionraí ina hiomláine.

3. Faoi réir mhíreanna 1 agus 2, déanfar ráta deiridh na dleachta fabhraí arna ríomh i gcomhréir leis an Rialachán seo a shlánú síos go dtí an chéad ionad deachúlach.

Airteagal 42

1. Is í an fhoinse staidrimh atá le húsáid chun críocha an Rialacháin seo staidreamh ón gCoimisiún (Eurostat) maidir le trádáil sheachtrach an Aontais.

2. Seolfaidh na Ballstáit a sonraí staidrimh chuig an gCoimisiún (Eurostat) ar tháirgí a chuirtear faoin nós imeachta custaim um scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi na fabhair tharaife de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]). Chun faisnéis a éascú agus trédhearcacht a mhéadú, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear na sonraí ábhartha staidrimh do na ranna de GSP ar fáil go tráthrialta i mbunachar sonraí poiblí.

3. I gcomhréir le hAirteagail 55 agus 56 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, cuirfidh na Ballstáit ar aghaidh chuig an gCoimisiún, arna iarraidh sin dó, mionsonraí maidir le cainníochtaí agus luachanna táirgí a ndearnadh iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi na fabhair tharaife le linn na míonna roimh an iarraidh sin. Beidh na táirgí dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo ar áireamh sna sonraí sin.

4. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, faireachán ar allmhairí táirgí a thagann faoi chóid Ainmníochta Comhcheangailte 0603, 0803 90 10, 1006, 1604 14, 1604 19 31, 1604 19 39, 1604 20 70, 1701, 1704, 1806 10 30, 1806 10 90, 2002 90, 2103 20, 2106 90 59, 2106 90 98, 6403, 2207 10 00, 2207 20 00, 2909 19 10, 3814 00 90, 3820 00 00, 3824 99 56, 3824 99 57, 3824 99 92, 3824 84 00, 3824 85 00, 3824 86 00, 3824 87 00, 3824 88 00, 3824 99 93 agus 3824 99 96, chun a chinneadh cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagail 26, 33, 34, 35 agus 37.

Airteagal 43

Déanfaidh an Coimisiún tuairimí ionadaithe na sochaí sibhialta san Aontas agus i dtíortha is tairbhithe a lorg go rialta agus faisnéis arna soláthar acu a chur san áireamh de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear trí idirphlé tiomnaithe chun athbhreithniú, faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo.

Airteagal 44

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi chur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe i ndáil leis na bearta arna nglacadh faoi Chaibidil VII.

Airteagal 45

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2), Airteagal 5(3), Airteagal 6(2), Airteagal 8(6), Airteagal 10(4), (5) agus (7), Airteagal 11(2), Airteagal 15(9) agus (13), Airteagal 16, Airteagal 17(2) agus (3), Airteagal 23(10), (15) agus (16), Airteagal 24 agus Airteagal 26(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 12 Iúil 2026.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(2), Airteagal 5(3), Airteagal 6(2), Airteagal 8(6), Airteagal 10(4), (5) agus (7), Airteagal 11(2), Airteagal 15(9) agus (13), Airteagal 16, Airteagal 17(2) agus (3), Airteagal 23(10), (15) agus (16), Airteagal 24 agus Airteagal 26(4) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

([16]) Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2152/oj).

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 3(2), Airteagal 5(3), Airteagal 6(2), Airteagal 8(6), Airteagal 10(4), (5) nó (7), Airteagal 11(2), Airteagal 15(9) nó (13), Airteagal 16, Airteagal 17(2) nó (3), Airteagal 23(10), (15) nó (16), Airteagal 24 nó Airteagal 26(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 46

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna maidir le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 45(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

Airteagal 47

1. Ní dhéanfar faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a úsáid ach amháin chun na críche ar ina leith a iarradh í.

2. Ní dhéanfar aon fhaisnéis de chineál rúnda ná aon fhaisnéis a sholáthraítear ar bhonn rúnda agus a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a nochtadh gan cead sonrach a fháil ó sholáthróir na faisnéise sin.

3. I ngach iarraidh ar rúndacht, luafar na cúiseanna leis an bhfaisnéis a bheith rúnda. Más rud é, áfach, nach mian le soláthróir na faisnéise an fhaisnéis a phoibliú ná nochtadh na faisnéise i dtéarmaí ginearálta nó i bhfoirm achoimre a údarú agus más dealraitheach nach bhfuil údar maith leis an iarraidh ar rúndacht, féadfar neamhshuim a dhéanamh den fhaisnéis lena mbaineann.

4. Measfar go bhfuil faisnéis faoi rún in aon chás más dócha go ndéanfadh nochtadh na faisnéise sin dochar suntasach do sholáthróir nó d'fhoinse na faisnéise sin nó do chaidreamh déthaobhach idirnáisiúnta an Aontais.

5. Ní fhágfaidh míreanna 1 go 4 nach bhféadfaidh údaráis an Aontais tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis ghinearálta, agus go háirithe do chúiseanna ar a bhfuil cinntí a dhéantar de bhun an Rialacháin seo bunaithe. Mar sin féin, cuirfidh na húdaráis sin san áireamh leas dlisteanach na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann ionas nach ndéanfar a gcuid rún gnó a nochtadh.

Airteagal 48

1. Déanfaidh an Coiste um Fhabhair Ghinearálaithe, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle ([17]), cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

Airteagal 49

Faoin 1 Eanáir 2030 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar éifeachtaí GSP agus ar an dul chun cinn arna dhéanamh i dtreo chuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, lena gcumhdaítear an tréimhse 3 bliana is déanaí agus na socruithe fabhracha uile dá dtagraítear in Airteagal 1(2), agus ar ghníomhaíochtaí faireacháin an Choimisiúin, lena n-áirítear faisnéis neamhrúnda i ndáil le gearáin arna dtíolacadh trí SEP agus atá ábhartha don Rialachán seo.

Faoin 1 Eanáir 2033, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. Go háirithe, féadfar a mheas sa tuarascáil sin liosta na gcoinbhinsiún ábhartha i ndáil le nuashonruithe ó chomhlachtaí faireacháin na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear maidir le prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha san obair, agus na sásraí grádúcháin agus aistrithe tíre i ndáil go háirithe leis na tíortha is lú forbairt. Féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 50

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 le héifeacht ón 1 Eanáir 2027.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn VIII.

CAIBIDIL IX

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 51

1. Aon imscrúdú nó nós imeachta um aistarraingt shealadach a tionscnaíodh agus nár críochnaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, ationscnófar é go huathoibríoch faoin Rialachán seo, seachas maidir le tír is tairbhí de GSP+ faoin Rialachán sin má bhaineann an t-imscrúdú nó an nós imeachta leis na tairbhí a deonaíodh faoi GSP+ agus leo sin amháin. Mar sin féin, ationscnófar imscrúdú nó nós imeachta den sórt sin go huathoibríoch má chuireann an tír chéanna is tairbhí isteach ar GSP+ faoin Rialachán seo roimh an 1 Eanáir 2029.

2. Déanfar an fhaisnéis a fhaightear le linn imscrúdú a tionscnaíodh agus nár críochnaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a chur san áireamh in aon imscrúdú ationscanta.

3. Aon tír ar tír is tairbhí de GSP+ í an 31 Nollaig 2026 faoi Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin sa leagan atá i bhfeidhm ar an dáta sin, measfar í a bheith ina tír is tairbhí de GSP+ faoin Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2028. Na tíortha sin ar mian leo leanúint de thairbhe a bhaint as GSP+ faoin Rialachán seo ón 1 Eanáir 2029 i leith, tíolacfaidh siad iarraidh chuige sin roimh an dáta sin i gcomhréir le h Airteagal 10(1) agus (2) den Rialachán seo. I gcás na dtíortha sin a bhfuil iarraidh den sórt sin tíolactha acu, déanfar GSP+ a choinneáil ar bun faoin Rialachán seo le linn thréimhse measúnaithe a n-iarrata ag an gCoimisiún faoi Airteagal 10 den Rialachán seo agus, i gcás inarb infheidhme, le linn na tréimse agóide dá bhforáiltear in Airteagal 45(6) den Rialachán seo.

([17]) Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle an 22 Iúil 2008 lena gcuirtear scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2011 agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 552/97, (CE) Uimh. 1933/2006 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1100/2006 ón gCoimisiún agus (CE) Uimh. 964/2007 ón gCoimisiún (IO L 211, 6.8.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/732/oj).

Airteagal 52

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ón 1 Eanáir 2027. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 5(2), Airteagal 8(2), Airteagal 10(7), Airteagal 15(12), Airteagail 23(15), Airteagal 26(4), Airteagal 34(3) agus Airteagal 45 ón 12 Iúil 2026.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2036. Mar sin féin, ní dhéanfaidh deireadh a chur i bhfeidhm difear do EBA mar a bhunaítear faoi Chaibidil IV ná, a mhéid a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhar leis an gCaibidil sin, d'aon fhoráil eile den Rialachán seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 17 Meitheamh 2026.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	M. RAOUNA

LIOSTA NA nIARSCRÍBHINNÍ

Iarscríbhinn	Ábhar
I	Tíortha incháilithe agus tíortha is tairbhithe
II	Tíortha is tairbhithe dá aistarraingíodh socruithe fabhracha faoi GSP uathu go sealadach i leith gach táirge nó táirgí áirithe de thionscnamh na dtíortha sin
III	Liosta na dtáirgí a áirítear in GSP caighdeánach agus in GSP+
IV	Rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagail 8 agus 33 a chur i bhfeidhm
V	Rialacha mionsonraithe maidir le Caibidil III a chur i bhfeidhm
VI	Coinbhinsiúin ábhartha
VII	Liosta na dtáirgí nach n-áirítear ach amháin in GSP+
VIII	Tábla comhghaoil

IARSCRÍBHINN I

